



**Foras na Gaeilge**

**Miontuairiscí Chruinnithe Boird Fhoras na Gaeilge  
don bhliain 2012**

<b>Dáta</b>	<b>Lth</b>
27 Eanáir	2
8 Márta	15
20 Aibreán	26
25 Bealtaine	31
29 Meitheamh	41
27 Iúil	58
28 Meán Fómhair	67
02 Samhain	80
14 Nollaig	86

**Miontuairiscí ón 102ú cruinniú d'Fhoras na Gaeilge a tionóladh Déardaoin 26 Eanáir 2012 i gceannáras Fhoras na Gaeilge, Baile Átha Cliath.**

**I láthair:** L. Ó Maolmhichíl (Cathaoirleach), E. Mac Cormaic (Leas-Chathaoirleach), M. Mac Ruairí, L. Kennedy, P. Callaghan, T. Ruane, T. Sharkey, C. Cavanagh, Á. Ní Chiaráin, B. Ní Chonghóile, S. Mac Donncha, T. Mac Eochagáin, S. M. Ó Domhnaill agus D. Ó hAiniféin.

**Ag freastal:** F. Mac an Fhailigh (Príomhfheidhmeannach), S. Ó Coinn (Leas-Phríomhfheidhmeannach), É. Ó hArgáin (Rúnaí), J. Ó Labhraí agus S. Uí Choinne.

**Leithscéalta:** C. Ní Shúilleabháin agus M. Ó Ríordáin.

**01.102 CUIR IN AITHNE AG COMHALTAÍ, 02.102 OSRADHARC AR STRUCHTÚR AGUS OBAIR FHORAS NA GAEILGE, 03.102 BUALADH LE STIÚRTHÓIREACHTAÍ AN FHORAIS agus 04.102 SÚIL SIAR**

Chuir an Cathaoirleach fáilte roimh na comhaltaí chuig an chéad chruinniú den Bhord úr. Chuir gach comhalta cur síos gairid orthu féin agus ar a gcúlra.

Thug an Príomhfheidhmeannach cur i láthair ar struchtúr agus obair Fhoras na Gaeilge agus scaip sé cóip den chur i láthair ar an Bhord mar eolas. Bhuaile na comhaltaí le Stiúrthóirí agus Clár bainisteoirí agus pléadh obair gach Stiúrthóireachta.

**Miontuairiscí ón 102ú cruinniú d'Fhoras na Gaeilge a tionóladh Dé hAoine 27 Eanáir 2012 i gceannáras Fhoras na Gaeilge, Baile Átha Cliath.**

**I láthair:** L. Ó Maolmhichíl (Cathaoirleach), E. Mac Cormaic (Leas-Chathaoirleach), M. Mac Ruairí, L. Kennedy, T. Ruane, T. Sharkey, C. Cavanagh, Á. Ní Chiaráin, B. Ní Chonghóile, S. Mac Donncha, T. Mac Eochagáin, S. M. Ó Domhnaill agus D. Ó hAiniféin.

**Ag freastal:** F. Mac an Fhailigh (Príomhfheidhmeannach), S. Ó Coinn (Leas-Phríomhfheidhmeannach), É. Ó hArgáin (Rúnaí), J. Ó Labhraí agus S. Uí Choinne.

**Leithscéalta:** C. Ní Shúilleabháin, P. Callaghan agus M. Ó Ríordáin.

**05.102 SEISIÚN OILIÚNA LE D. NICHOLL AR RÓL AN BHOIRD, RIALACHAS CORPARÁIDEACH AGUS CHOIMHLINT LEASA.**

Thug D. Nicholl ó CIPFA cur i láthair ar ról Chomhalta Boird, rialachas corparáideach agus ar choimhlint leasa.

**06.102 MIONTUAIRISCÍ 2 NOLLAIG 2011 AGUS NITHE AG ÉIRÍ ASTU D'fhág S. Ó Coinn, E. Mac Cormaic, M. Mac Ruairí, S. Mac Donncha agus T. Ó Searcaigh an cruinniú mar gheall ar bhaol choimhlint leasa.**

Bhí plé ar na miontuairiscí. Cuireadh in iúl nár shínigh Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge an litir thairisceana don deontas bunmhaoinithe don tréimhse Eanáir go Meitheamh 2012 fós mar gheall ar cheist thuarastail do phost. Aontaíodh gur chóir

don eagraíocht glacadh leis an tairiscint mar atá agus cás a dhéanamh ina dhiaidh sin agus go bpléifí ag an Bhord é.

**D'fhill S. Ó Coinn, E. Mac Cormaic, M. Mac Ruairí, S. Mac Donncha agus T. Ó Searcaigh ag an phointe seo.**

Ghlac an Bord leis na miontuairiscí agus shínigh an Cathaoirleach iad.

#### **07.102 COISTÍ AN FHORAIS AGUS IONADAÍOCHT AR AN CHOMHAIRLE NÁISIÚNTA CURACLAIM AGUS MEASÚNACHTA**

Aontaíodh go dtabharfaí cead don Chathaoirleach agus don Phríomhfheidhmeannach déanamhas na gcoistí éagsúla Boird a shocrú. Dá mba mhian le comhaltaí bheith ar choistí ar leith, aontaíodh go gcuirfí sin in iúl don Phríomhfheidhmeannach go luath. Cuireadh in iúl go raibh deireadh le tréimhse ionadaíochta an Fhorais ar an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (NCCA) agus go raibh ionadaí le hainmniú ag an Bhord. Moladh S. Ó Coinn, Leas-Phríomhfheidhmeannach/Stiúrthóir Seirbhísí Oideachais agus ghlac an Bord leis an ainmniúchán sin. Aontaíodh go gcuirfí liosta ar fáil don Bhord maidir le hionadaíocht an Fhorais ar choistí seachtracha.

#### **08.102 DÁTAÍ LE hAGHAIDH CRUINNITHE GO DEIREADH 2012**

Ghlac an Bord leis an mholadh maidir le dátaí na gcruinnithe Boird go deireadh 2012 (**Aguisín 1**).

#### **09.102 GLEO**

Bhí plé ar na critéir don scéim GLEO. Aontaíodh roinnt mionleasuithe. Thug an Bord moladh don scéim agus ghlac siad leis na critéir do 2012 ar an choinníoll go dtabharfaí le fios sna critéir gurbh fhéidir le scoileanna dul níos faide ná a bhí á éileamh sna critéir dá mba mhian leo sin.

#### **10.102 LÉAS – OIFIG BHÉAL FEIRSTE**

Bhí plé ar an léas don oifig i mBéal Feirste a bheidh istigh ar 31 Eanáir 2012. Thug an Bord cead don Phríomhfheidhmeannach tús a chur leis an idirbheartaíocht leis an Tiarna Talún agus aontaíodh go gcuirfí roghanna faoi bhráid an Bhoird ag an chéad chruinniú eile.

#### **11.102 SAINORDÚ CUNTAIS A DHAINGNIÚ**

Cuireadh in iúl nach raibh an sainordú réidh fós ach go mbeadh sé ar fáil don chéad chruinniú Boird eile.

#### **12.102 ATHBHREITHNIÚ AR ACHT NA dTEANGACHA OIFIGIÚLA 2003**

Scaipeadh cóip uasdátaithe d'aighneacht Fhoras na Gaeilge maidir leis an athbhreithniú ar Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 agus moladh M. Mhic Ruairí san áireamh. Ghlac an Bord leis an aighneacht.

#### **13.102 AON GHNÓ EILE**

##### ***Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge***

Scaipeadh cóip de litir a bhí le cur chuig an Aire Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta ó Bhoird Údarás na Gaeltachta, COGG agus Fhoras na Gaeilge maidir leis an Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge agus bunú an ghrúpa ardleibhéil oideachais. Thug an Bord cead don Chathaoirleach an litir a shíniú agus aontaíodh go gcuirfí cóip chuig

an Aire Stáit D. Mac Fhionnghaile, T.D. agus chuig an Aire Oideachais agus Scileanna R. Quinn, T.D. freisin.

**Clár na Leabhar Gaeilge – Scéim na Foilsitheoireachta**

Ghlac an Bord leis na moltaí do Scéim na Foilsitheoireachta (**Aguisín 2**).

**Iarratais ar Thionscadail Litríochta**

**D'fhág S. Mac Donncha an cruinniú mar gheall ar bhaol choimhlint leasa.**

Ghlac an Bord leis na moltaí maidir le hiarratais ar Thionscadail Litríochta (**Aguisín 3**).

**D'fhill S. Mac Donncha ag an phointe seo.**

---

**Liam Ó Maolmhichíl**  
**Cathaoirleach**  
**9 Márta 2012**

**Moladh maidir le dátaí le haghaidh cruinnithe Boird i 2012**

<b>Déardaoin/Dé hAoine 26/27 Eanáir</b>	<b>Baile Átha Cliath</b>
<b>Dé hAoine, 9 Márta</b>	<b>Béal Feirste</b>
<b>Dé hAoine, 20 Aibreán</b>	<b>Baile Átha Cliath</b>
<b>Dé hAoine, 25 Bealtaine</b>	<b>Béal Feirste</b>
<b>Dé hAoine, 29 Meitheamh</b>	<b>Gaoth Dobhair</b>
<b>Dé hAoine, 27 Iúil</b>	<b>Baile Átha Cliath</b>
<b>Dé hAoine, 28 Meán Fómhair</b>	<b>Béal Feirste</b>
<b>Dé hAoine, 2 Samhain</b>	<b>Leitir Ceanainn (Oireachtas na Gaeilge)</b>
<b>Dé hAoine, 14 Nollaig</b>	<b>Baile Átha Cliath</b>

Scéim na Foilsitheoireachta

Phléigh Coiste Chlár na Leabhar Gaeilge na hiarratais faoi Scéim na Foilsitheoireachta ag cruinniú den choiste ar an gCéadaoin, 18 Eanáir 2012. Seo a leanas na moltaí a rinneadh:

Grúpa A

<i>Eagraíocht</i>		<i>2011</i>	<i>2012</i>
<b>Cló Iar-Chonnacht</b>	<i>Líon na leabhar</i>	12	13 – 16 (measta)
	<i>Cineál</i>	Filíocht, úrscéalta, drámaíocht, leabhar do pháistí, béaloideas	Úrscéalta, litríocht taistil, cnuasach gearrscéalta, cnuasach d'amhráin sean-nós, cuimhní cinn
	<i>Gníomhaíochtaí Eile</i>	Gníomhaíochtaí margaíochta – fógraíocht, seoltaí leabhar, obair ar an suíomh, seastán ag ócáidí Ghaeilge	Gníomhaíochtaí margaíochta – fógraíocht, seoltaí leabhar, obair ar an suíomh, léamha don údar.
	<i>Méid molta</i>	<b>€177,575</b>	<b>€169,500</b>
<b>Cois Life</b>	<i>Líon na leabhar</i>	7 leabhar & closleabhar	6 – 8 leabhar & 3 ríomhleabhar (measta)
	<i>Cineál</i>	Úrscéalta, leabhair do dheágóirí, leabhar do pháistí, fáisnéis	Saothair próis do dheágóirí, leabhair tagartha, gearrscéalta
	<i>Gníomhaíochtaí Eile</i>	Gníomhaíochtaí margaíochta (seoladh leabhair, suíomh), taifead ar chlosleabhar, foilsiú ríomhleabhair.	Gníomhaíochtaí margaíochta: Obair ar an suíomh, fógraíocht, bileoga poiblíochta; post nua le fógairt.
	<i>Méid molta</i>	<b>€88,703</b>	<b>€94,497</b>
<b>Cló Mhaigh Eo</b>	<i>Líon na leabhar</i>	11	7 – 9 (measta)

	<i>Cineál</i>	Leabhair do pháistí	Leabhair do pháistí
	<i>Gníomhaíochtaí Eile</i>	Gníomhaíochtaí margáíochta – fógraíocht	Gníomhaíochtaí margáíochta- fógraíocht, mionchatalóg 2012; Forbairt: e-leabhair, gníomhairí thar lear
	<i>Méid molta</i>	<b>€56,500</b>	<b>€56,000</b>
	<i>Moladh faoi leith</i>	Moladh gur b'fhiú do Chló Mhaigh Eo bheith ag smaoineamh ar ghníomhaíochtaí éagsúla margáíochta.	
<b>Móinín</b>	<i>Líon na leabhar</i>	4	4 -5 (measta)
	<i>Cineál</i>	Leabhair do pháistí/déagóirí, leabhar dhá-theangach	Leabhair do pháistí/déagóirí, leabhar dhá-theangach
	<i>Gníomhaíochtaí Eile</i>	Gníomhaíochtaí margáíochta – feachtas poist, fógraíocht, suíomh	Gníomhaíochtaí margáíochta – feachtas poist, fógraíocht, suíomh
	<i>Méid molta</i>	<b>€45,100</b>	<b>€44,400</b>
<b>Futa Fata</b>	<i>Líon na leabhar</i>	10	10 – 12 leabhar & obair ealaíne (measta)
	<i>Cineál</i>	Leabhair do pháistí	Leabhair do pháistí
	<i>Gníomhaíochtaí Eile</i>	Margáíocht: Seoltaí leabhar, catalóg, seastáin ag ócáidí Gaeilge. Forbairt: Athdhearadh iomlán déanta ar an suíomh	Margáíocht: Seoltaí leabhar, feachtas poiblíochta, seastáin ag ócáidí Gaeilge, bileoga poiblíochta.
	<i>Coinníoll faoi leith</i>	Gur féidir maoiniú a chaiteamh ar obair ealaíne 'Bliain na nAmhrán' ach go mbeidh coinníollacha faoi leith le cur leis sin.	
	<i>Méid molta</i>	<b>€59,698</b>	<b>€67,000</b>
<b>Leabhar Breac</b>	<i>Líon na leabhar</i>	6	5 - 6 (measta)
	<i>Cineál</i>	Leabhair do pháistí, úrscéalta	Úrscéalta do dhaoine fásta & do dhéagóirí. Pictiúrleabhar do pháistí.

	<b><i>Gníomhaíochtaí Eile</i></b>	Margaíocht: Feachtas poist, seoltaí leabhar, bileoga poiblíochta, fógraíocht	Margaíocht: Feachtas poist, seoltaí leabhar, bileoga poiblíochta, fógraíocht, físeáin d'agallaimh le húdair dá cuid a chur ar an suíomh.
	<b><i>Méid molta</i></b>	<b>€53,000</b>	<b>€50,500</b>
	<b><i>Moladh faoi leith</i></b>	Molfar do Leabhar Breac díriú níos mó ar a gcuid iarrachtaí margaíochta agus forbartha ar mhaithe le cur le díolachán leabhair agus chuige sin seirbhísí feidhmeannach margaíochta a aimsiú.	

<b>Grúpa A</b>	<b>Méid Iarrtha</b>	<b>Méid Molta 2012</b>
<b>Foilsitheoir</b>		
Cló Iar-Chonnacht	242,516	169,500
Cois Life	111,337	94,497
Cló Mhaigh Eo	113,500	56,000
Móinín	65,262	44,400
Futa Fata	130,160	67,000
Leabhar Breac (Nóta 1)	97,159	50,500
<b>Iomlán</b>	<b>759,934</b>	<b>481,897</b>

**Moltar deontais nach mó ná €481,897 a cheadú do Ghrúpa A don tréimhse 01 Eanáir go 31 Nollaig 2012 ach plean comhaontaithe a bheith curtha ar fáil ag na foilsitheoirí.**

#### **Nóta 1**

Bhí Leabhar Breac i nGrúpa B i 2011.



## Grúpa B

<i>Eagraíocht</i>		<b>2010</b>	<b>2011</b>
<b>An Sagart</b>	<i>Líon na leabhar</i>	5	4 (measta)
	<i>Cineál</i>	Filíocht, acadúil & páistí	Filíocht, drámaíocht, acadúil
	<i>Gníomhaíochtaí Eile</i>	Suíomh, seoltaí leabhar, fógraíocht, ócáidí léitheoireachta, bileoga poiblíochta	Suíomh, seoltaí leabhar, fógraíocht, ócáidí léitheoireachta,
	<i>Méid molta</i>	<b>€35,700</b>	<b>38,565</b>
<b>An tSnáthaid Mhór</b>	<i>Líon na leabhar</i>	1	1
	<i>Cineál</i>	Leabhar do pháistí	Leabhar do pháistí
	<i>Gníomhaíochtaí Eile</i>	Gníomhaíochta margaióchta – fógraíocht, áiseanna margaióchta. Áiseanna ealaíne.	Gníomhaíochta margaióchta – fógraíocht, margaiócht leictreonach.
	<i>Méid molta</i>	<b>€28,000</b>	<b>€25,183</b>
<b>Arlen House</b>	<i>Líon na leabhar</i>	3	3 (measta)
	<i>Cineál</i>	Filíocht & drámaíocht	Filíocht, beatháisnéis, drámaíocht
	<i>Gníomhaíochtaí Eile</i>	Ócáidí seolta, dáileadh idirnáisiúnta	Ócáidí seolta, dáileadh idirnáisiúnta
	<i>Méid molta</i>	<b>€21,000</b>	<b>€22,500</b>
<b>Coiscéim</b>	<i>Líon na leabhar</i>	41	30 – 32 (measta)
	<i>Cineál</i>	Filíocht, stair, beatháisnéis, foghlaimoírí fásta, úrscéalta	Filíocht, stair, beatháisnéis, béaloideas, úrscéalta, leabhair do dhaoine óga
	<i>Gníomhaíochtaí</i>	Ócáidí seolta, catalóg,	Ócáidí seolta, catalóg, fógraíocht, club leabhar, suíomh, freastal ar

	<i>Eile</i>	fógraíocht, club leabhar	ócáidí Gaeilge
	<i>Méid molta</i>	<b>€135,500</b>	<b>€120,500</b>
	<i>Moladh faoi leith</i>	Molfar do Choiscéim níos lú leabhair a fhoilsiú agus díriú níos mó ar obair mhargaíochta.	
<b>Foilseacháin Ábhair Spioradálta</b>	<i>Líon na leabhar</i>	4	3 (measta)
	<i>Cineál</i>	Creideamh	Creideamh, leabhar staire
	<i>Gníomhaíochtaí Eile</i>	Gníomhaíochtaí margaíochta – seoltaí leabhar, fógraíocht Forbairt ar an suíomh	Gníomhaíochtaí margaíochta – seoltaí leabhar, fógraíocht Forbairt ar an suíomh
	<i>Méid molta</i>	<b>€17,500</b>	<b>€23,356</b>
<b>Leabhair COMHAR</b>	<i>Líon na leabhar</i>	4	4 (measta)
	<i>Cineál</i>	Foghlaimoirí fásta, filíocht, stair, páistí	Foghlaimoirí fásta, leabhar fáisnéise, filíocht, gearrscéalta
	<i>Gníomhaíochtaí Eile</i>	Bileoga eolais, postaeir, seoltaí leabhar	Fógraí, seoltaí leabhar, taifead do chlár raidió
	<i>Méid molta</i>	<b>€24,250</b>	<b>€24,000</b>
<b>Duillí Éireann</b>	<i>Líon na leabhar</i>	2	3 (measta)
	<i>Cineál</i>	Ilghnéitheach - aistí	Ilghnéitheach – aistí & ábhair liteartha
	<i>Méid molta</i>	<b>€7,000</b>	<b>€8,000</b>
	<i>Nóta</i>	Tá €4,000 á mholadh do na himleabhair & €4,000 á mholadh don saothar ‘Réamhrá don Scríbhneoireacht i nGaeilge agus in Albainis’	

<b>Grúpa B</b>	<b>Méid Iarrtha</b>	<b>Méid Molta 2012</b>
<b>Foilsitheoir</b>	<b>€</b>	
An Sagart	75,835	€38,565
An tSnáthaid Mhór	113,914.58	€25,183

Arlen House	74,700	€22,500
Coiscéim	283,880	€120,500
Foilseacháin Ábhair Spioradálta	30,691	€23,356
LeabhairCOMHAR	98,200	€24,000
Duillí Éireann	18,301	€8,000
	<b>€695,521.58</b>	<b>€262,104</b>

Moltar deontais nach mó ná €262,104 a cheadú do Ghrúpa B don tréimhse 01 Eanáir go 31 Nollaig 2012 ach plean comhaontaithe a bheith curtha ar fáil ag na foilsitheoirí.

### Grúpa C

<i>Eagraíocht</i>		<i>2012</i>
<b>Gathanna Gréine</b>	<i>Líon na leabhar</i>	1
	<i>Cineál</i>	Gearrscéalta, Leabhar do pháistí
	<i>Méid molta</i>	<b>€6,000</b>
	<i>Nóta</i>	Tá an maoiniú seo á mholadh do chostas táirgeachta leabhar amháin.

<b>Grúpa C</b>	<b>Méid Iarrtha</b>	<b>Méid Molta 2012</b>
<b>Foilsitheoir</b>	<b>€</b>	<b>€</b>
Gathanna Gréine	15,993	6,000
<b>Iomlán</b>	<b>15,993</b>	<b>6,000</b>

Moltar deontais nach mó ná €6,000 a cheadú do Ghrúpa C don tréimhse 01 Eanáir go 31 Nollaig 2012 ach plean comhaontaithe a bheith curtha ar fáil ag an bhfoilsitheoir.

Tá faisnéis fágtha ar lár anseo toisc gur faisnéis dhíolmhaithe í faoi Chuid 2 Míreanna 6 agus 9 den Chód Cleachtais maidir le Saoráil Faisnéise.

**Iarratais ar Thionscadail Litríochta**

Phléigh Coiste Chlár na Leabhar Gaeilge na hiarratais ar Thionscadail Litríochta ag cruinniú den choiste ar an gCéadaoin, 18 Eanáir 2012. Seo a leanas na moltaí a rinneadh:

**IMRAM**

<i>Gníomh</i>		<i>Méid Iarrtha</i>	<i>Méid molta</i>
		€	€
Féile Litríochta Gaeilge		18,000	16,000
Suíomh ghréasáin IMRAM		2,800	2,800
Imeachtaí i gcomhar le féilte eile, eagrais teanga is litríochta eile		4,200	3,200
<b>Iomlán</b>		<b>25,000</b>	<b>22,000</b>

Moltar suim nach mó ná **€22,000** do IMRAM, don tréimhse ó 1 Eanáir go 31 Nollaig 2012.

**Oireachtas na Gaeilge**

<i>Gníomh</i>		<i>Méid Iarrtha</i>	<i>Méid molta</i>
		€	€
Comórtais Liteartha an Oireachtais		26,500	19,500
Leabhar na Bliana 2012		28,000	23,000
Poiblíocht Leabhar na Bliana		10,000	0*
<b>Iomlán</b>		<b>64,500</b>	<b>42,500</b>
Ní chuirfear maoiniú ar fáil do dhuaiseanna aitheantais – is gá go mbeadh an caighdeán sroichte ag na buaiteoirí. *Moladh níos mó plé a dhéanamh i leith féidearthachtaí margaíochta sula ndéanfaí cinneadh i leith an ghné poiblíochta den phlean.			

Moltar suim nach mó ná **€42,500** a chur ar fáil d'Oireachtas na Gaeilge don tréimhse ó 01 Eanáir go 31 Nollaig 2012 ach plean comhaontaithe a chur ar fáil

## Gaelchultúr

<i>Gníomh</i>		<i>Méid Iarrtha</i>	<i>Méid molta</i>
<i>Clubleabhar.com</i>		€	€
Is í aidhm clubleabhar.com ná daoine atá in Éirinn agus i dtíortha eile ar fud an domhain a spreagadh chun a bheith ag léamh leabhar Gaeilge.			
Costais an Chlub (costais teicniúla, margaíochta, riarachán, gluaiseanna, físeáin)		18,300	12,000
<b>Iomlán</b>		<b>18,300</b>	<b>12,000</b>

Moltar suim nach mó ná **€12,000** a chur ar fáil do Ghaelchultúr i leith Clubleabhar.com don tréimhse ó 01 Eanáir go 31 Nollaig 2012.

## Móinín

<i>Gníomh</i>		<i>Méid Iarrtha</i>	<i>Méid molta</i>
<i>An Scríobhlann</i>		€	€
Dianchúrsa Traenála i Scríobh an Ghearrscéal agus an Úrscéal		13,850	10,000
<b>Iomlán</b>		<b>13,850</b>	<b>10,000</b>

Moltar suim nach mó ná **€10,000** do Mhóinín i leith An Scríobhlann don tréimhse ó 1 Eanáir go 31 Nollaig 2012.

## Áras Scríbhneoirí na hÉireann

<i>Gníomh</i>		<i>Méid Iarrtha</i>	<i>Méid molta</i>
		€	€
Scéim Meantóireachta do Scríbhneoirí Úra na Gaeilge		15,000	0
Cur chun cinn Leabhair Ghaeilge		15,000	10,000
<b>Iomlán</b>		<b>30,000</b>	<b>10,000</b>
Maidir leis an Scéim Meantóireachta do Scríbhneoirí Úra na Gaeilge, molfar dóibh teacht ar ais an bhliain seo chugainn nuair atá níos mó taighde déanta ina leith sin.			

Moltar suim nach mó ná **€10,000** a chur ar fáil d'Áras Scríbhneoirí na hÉireann don tréimhse ó 01 Eanáir go 31 Nollaig 2012 don ghné i leith cur chun cinn Leabhair Ghaeilge amháin.

## Oidhreacht Chorca Dhuibhne

<i>Gníomh</i>	<i>Méid Iarrtha</i>	<i>Méid molta</i>
<i>Scéim Blagála agus Léirmheastóireachta</i>	€	€
Moltóireacht agus Duaiseanna	1,396	500
<b>Iomlán</b>	<b>1,396</b>	<b>500</b>

Moltar suim nach mó ná **€500** d'Oidhreacht Chorca Dhuibhne i leith moltóireacht agus duaiseanna na Scéime Blagála agus Léirmheastóireachta don tréimhse ó 1 Eanáir go 31 Nollaig 2012.

## **Miontuairiscí ón 103ú cruinniú d'Fhoras na Gaeilge a tionóladh Déardaoin 8 agus Dé hAoine 9 Márta 2012 in oifigí Fhoras na Gaeilge, Béal Feirste.**

### **Déardaoin 08 Márta**

**I láthair:** L. Ó Maolmhichíl (Cathaoirleach), E. Mac Cormaic (Leas-Chathaoirleach), M. Mac Ruairí, L. Kennedy, P. Callaghan, T. Ruane, T. Sharkey, Á. Ní Chiaráin, B. Ní Chonghóile, C. Ní Shúilleabháin, S. M. Ó Domhnaill agus D. Ó hAiniféin.

**Ag freastal:** F. Mac an Fhailigh (Príomhfheidhmeannach), É. Ó hArgáin (Rúnaí), M. Ó Ríordáin, J. Ó Labhraí agus S. Uí Choinne.

**Leithscéalta:** S. Mac Donncha, C. Cavanagh, T. Mac Eochagáin agus S. Ó Coinn (Leas-Phríomhfheidhmeannach).

### **01.103 MIONTUAIRISCÍ AGUS NITHE AG ÉIRÍ ASTU**

Chuir an Príomhfheidhmeannach in iúl nach mbeadh sé féin ar fáil don chruinniú Boird i mí na Bealtaine. Cuireadh in iúl go raibh cruinniú den Fhoras Teanga le socrú le Bord na hUltaise agus aontaíodh go dtabharfaí cuireadh don Aire C. Ní Chuilín, CTR, freastal ar an chruinniú sin. Ardaíodh ceist faoin sainordú cuntais agus cuireadh in iúl nach raibh sé réidh fós. Scaipeadh cóip d'fhógra do scéim GLEO ar an Bhord mar eolas. Ardaíodh ceist faoi litir thairisceana Chomhdháil Náisiúnta na Gaeilge don deontas bunmhaoinithe agus cuireadh in iúl gur síníodh í agus go ndéanfaí athphróifiliú an deontais a chur os comhair Choiste na nDeontas agus Bhord Fhoras na Gaeilge. Ghlac an Bord leis na miontuairiscí agus shínigh an Cathaoirleach iad.

### **02.103 COISTÍ AN FHORAIS**

De bhaol canbhasála tá faisnéis fágtha ar lár anseo toisc gur faisnéis dhíolmhaithe í faoi Chuid 2 Míreanna 6 den Chód Cleachtas maidir le Saoráil Faisnéise.

**(Aguisín 1)** Bhí plé ar ionadaíocht Fhoras na Gaeilge ar choistí seachtracha agus na tréimhsí ionadaíochta a bheadh istigh ag deireadh Mheithimh 2012. Moladh go gcuirfí fógra ar shuíomh an Fhorais ag cur fáilte roimh léiriú suime ina leith agus aontaíodh go ndéanfaí é seo i lár mhí Aibreáin. Aontaíodh fiosrú faoi na grúpaí atá i dteideal daoine a ainmniú ar choistí an CNCM.

Scaipeadh cóip de cháipéis maidir leis an 'Chomhdháil ar Léitheoireacht na Gaeilge' ar an Bhord mar eolas.

### **03.103 RÁITEAS CAITEACHAIS GO DTÍ 31 EANÁIR 2012, PLEAN GNÓ AGUS MEASTACHÁIN 2012**

Scaipeadh cóip uasdátaithe den ráiteas caiteachais ar an Bhord agus cuireadh in iúl nach raibh buiséad 2012 aontaithe idir na Ranna fós. Ghlac an Bord leis an ráiteas caiteachais agus leis an díscríobh do 2011. **(Aguisín 2)**

Thug an Bord suntas do Dhréachtphlean Gnó 2012. Ardaíodh ceist faoin Choiste um Luach Saothair a bhí luaite ar leathanach 16. Moladh gurbh fhiú an coiste sin a bhunú arís agus aontaíodh go mbeadh sé ar an chlár don chéad chruinniú eile.

#### **04.103 NÓTA EOLAIS MAIDIR LE HIARRATAIS AR DHEONTAIS**

Moladh gurbh fhiú cáipéis a chur le chéile maidir leis an airgead atá á chaitheamh ag an Fhoras agus an éifeacht a bhain leis ar mhaithe le dea-phoiblíocht. Thug an Bord suntas don nóta eolais maidir le hiarratais ar dheontais.

#### **05.103 IARRATAS AR INTERREG — DEVELOPING CULTURAL ENTREPRENEURS**

Bhí plé ar an iarratas ar Interreg agus ghlac an Bord leis i bprionsabal.

#### **08.103 CLÁR NA LEABHAR GAEILGE**

Nótáil an Bord an dá nóta eolais ó Chlár na Leabhar Gaeilge (**Aguisín 3**).

D'aontaigh an Bord clár an chruinnithe do mhaidin Dé hAoine a athrú agus go bpléifí Mír 10 ar dtús.

#### **Miontuairiscí ón 103ú cruinniú d'Fhoras na Gaeilge a tionóladh Dé hAoine 9 Márta 2012 in oifigí Fhoras na Gaeilge, Béal Feirste.**

**I láthair:** L. Ó Maolmhichíl (Cathaoirleach), E. Mac Cormaic (Leas-Chathaoirleach), M. Mac Ruairí, L. Kennedy, P. Callaghan T. Ruane, T. Sharkey, C. Cavanagh, Á. Ní Chiaráin, B. Ní Chonghóile, S. Mac Donncha, T. Mac Eochagáin, S. M. Ó Domhnaill agus D. Ó hAiniféin.

**Ag freastal:** F. Mac an Fhailigh (Príomhfheidhmeannach), S. Ó Coinn (Leas-Phríomhfheidhmeannach), É. Ó hArgáin (Rúnaí), M. Ó Ríordáin, J. Ó Labhraí agus S. Uí Choinne.

**Leithscéalta:** C. Ní Shúilleabháin.

Tá faisnéis fágtha ar lár anseo toisc gur faisnéis dhíolmhaithe í faoi Chuid 1 Mír 2, Cuid 2, Míreanna 1, 2 agus 6 den Chód Cleachtais maidir le Saoráil Faisnéise.

#### **09.103 TUAIRISC AN PHRÍOMHFHEIDHMEANNAIGH**

Nótáil an Bord tuairisc an Phríomhfheidhmeannaigh.

#### **06.103 AN tATHBHREITHNIÚ AR AN EARNÁIL BHUNMHAOINITHE**

Thug an feidhmeannas cur i láthair ar an athbhreithniú ar an earnáil bhunmhaoinithe agus bhí plé ina leith.

Tá faisnéis fágtha ar lár anseo toisc gur faisnéis dhíolmhaithe í faoi Chuid 1 Mír 2 den Chód Cleachtais maidir le Saoráil Faisnéise.



Léiríodh buaireamh i leith dhea-cháil Fhoras na Gaeilge dá gcaillfí post de bharr an athbhreithnithe. Cuireadh in iúl go gcaillfí daoine ón earnáil mar gheall ar an easpa seasmhachta. Ardaíodh an cheist cé acu an raibh Foras na Gaeilge ag cur le dúbáilt i soláthar seirbhísí riaracháin san earnáil leis na coistí éagsúla atá ag fostú daoine faoin Scéim Phobail Gaeilge.

### **07.103 LÉAS – OIFIG BHÉAL FEIRSTE**

Cuireadh in iúl go raibh plé ar siúl le Comhlacht Rialtais Seirbhísí Talaimh agus Sealúchais (STS) agus le hIontaobhas na Gaelscolaíochta maidir leis na féidearthachtaí. Beidh tuairisc eile ar fáil ag an chéad chruinniú Boird eile.

### **11.103 AON GHNÓ EILE**

Scaipeadh cóip de litir a tháinig ón Roinn Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta maidir le suíomh tairsí don Ghaeilge a fhorbairt mar chuid den Straitéis 20 Bliain agus suíomh Idirlín an Fhorais, [www.gaeilge.ie](http://www.gaeilge.ie), a úsáid chun na críche sin. Aontaíodh go dtabharfaí an suíomh ar an tuiscint go dtabharfaí tús áite do nasc chuig suíomh nua an Fhorais, [www.forasnagaeilge.ie](http://www.forasnagaeilge.ie), ar leathanach baile [www.gaeilge.ie](http://www.gaeilge.ie).

---

**Liam Ó Maolmhichíl**  
**Cathaoirleach**  
**20 Aibreán 2012**

Coistí Fhoras na Gaeilge 2012

De bhaol canbhasála tá faisnéis fágtha ar lár anseo toisc gur faisneis dhíolmhaithe í faoi Chuid 2 Míreanna 6 agus 9 den Chód Cleachtais maidir le Saoráil Faisnéise.

## Aguisín 2

Mír	Fo-mhír	Ainm Tionscnaimh	Le díscríobh €
Scéimeanna Pobal & Gnó		An tIonad Buail Isteach	950.00
An earnáil ghnó		Casey's Bar	200.00
An earnáil ghnó		An Doras Dóchais	175.00
An earnáil ghnó		Kazbar Ltd	290.00
An earnáil ghnó		Healy's Pharmacy	317.50
An earnáil ghnó		T&T Clothing	72.00
An earnáil ghnó		Lawlor Partners	94.50
An earnáil ghnó		Coach Road Inn	23.50
An earnáil ghnó		Orbit Security Ltd	1,000.00
An earnáil ghnó		Gibson & Associates	1,000.00
An earnáil ghnó		Unique Creative Enterprises	500.00
An earnáil ghnó		Craic Pots	294.55
		<b>Fo-iomlán</b>	<b>4,917.05</b>

Mír	Fo-mhír	Ainm Tionscnaimh	Le díscríobh £STG
Scéimeanna Pobal & Gnó		Craobh Naomh Pádraig	89.55
Scéimeanna Pobal & Gnó		Cumann Gaelach Leath Chathail	85.84
Scéimeanna Pobal & Gnó		Conradh na Gaeilge Seal Spraoi	5.09
Scéimeanna Pobal & Gnó		Cumann Gaelach Chnoc Ros Doire	2,428.50
Scéimeanna Pobal & Gnó		Glór Dhún Geimhin	453.40
Bunmhaoiniú (eagrais)		Comhaltas Uladh 2011	0.16
An earnáil ghnó		Pádraig Ó Muirigh Solicitors	325.00
		<b>Fo-iomlán</b>	<b>3,387.54</b>

Mír	Fo-mhír	Ainm Tionscnaimh	Le díscríobh €
Bunmhaoiniú (eagrais)		FNT&Altram 2011	5,069.22
Bunmhaoiniú (eagrais)		FNT&Altram 2011	7,920.00
Áiseanna & acmhainní teag.		Ionad na dTeangacha Má Nuad	379.34
An Óige	Reachtáil clubanna óige	Gaelspórt	414.98
An Óige	Reachtáil clubanna óige	Ógras	380.00
An Óige	Reachtáil clubanna óige	Ógras	283.28
An Óige	Reachtáil clubanna óige	Ógras	657.85
An Óige	Reachtáil clubanna óige	Ógras	164.00
An Óige	Reachtáil clubanna óige	Ógras	371.05
An Óige	Reachtáil clubanna óige	Ógras	529.40
An Óige	Reachtáil clubanna óige	Gaelscoil Bhríde	272.30
An Óige	Reachtáil clubanna óige	Ógras	2,239.00
An Óige	Reachtáil clubanna óige	Ógras	32.93

Sparántachtaí 3ú léibhéal	Coláistí oiliúna	Coláiste Phádraig Droim C	236.07
Sparántachtaí 3ú léibhéal	Coláistí oiliúna	Coláiste Phadraig Droim C	3,000.00
Sparántachtaí 3ú léibhéal	Coláistí oiliúna	Coláiste Mhuire, Marino	1,155.00
Sparántachtaí 3ú léibhéal	Coláistí oiliúna	Coláiste Oideachais Froebel	400.00
<b>Fo-iomlán</b>			<b>23,504.42</b>

Mír	Fo-mhír	Ainm Tionscnaimh	Le díscríobh £STG
An Óige	Reáchtáil clubanna óige	Club Óige Setanta	940.75
An Óige	Reáchtáil clubanna óige	Cumann Ait Thi Chathail	772.91
An Óige	Reáchtáil clubanna óige	Bunscoil Bheanna Boirche	3,260.00
An Óige	Reáchtáil clubanna óige	Carrick Primary School	400.00
An Óige	Reáchtáil clubanna óige	Cairde Cheathrú na Gaeltachta	24.00
An Óige	Reáchtáil clubanna óige	St. Mary's Primary School	1,565.00
An Óige	Reáchtáil clubanna óige	Club Óige Setanta	2,015.00
An Óige	Reáchtáil clubanna óige	Club Óige Setanta	1,280.10
An Óige	Reáchtáil clubanna óige	St. Mary's Primary School	719.03
An Óige	Reáchtáil clubanna óige	Cairde Gaelscoil na Móna	181.10
<b>Fo-iomlán</b>			<b>11,157.89</b>

Mír	Fo-mhír	Ainm Tionscnaimh	Le díscríobh €
CNLG Foilsitheoireacht	Scéim na bhFoil 08	Comhar	1,000.00
CNLG Foilsitheoireacht	Scéim na bhFoil 08	Páistí Press	2,900.00
CNLG Scríbhneoireacht	Scéim na gCoimisiún 06	Cló Iar-Chonnachta 06	1,000.00
CNLG Scríbhneoireacht	Scéim na gCoimisiún 06	Leabhar Breac	2,000.00
CNLG Scríbhneoireacht	Scéim na nOidí	Dermot Somers oide do Shéan Fe	235.00

CNLG Scríbhneoireacht	Scéim na nOidí	Gabriel Rosenstock oide do FNM	350.00
CNLG Scríbhneoireacht	Scéim na nOidí	B Ní Mhóráin	230.55
CNLG Scríbhneoireacht	Scéim na nOidí	Gabriel Rosenstock Oide do SBÓS	12.00
CNLG Scríbhneoireacht	Scéim na nOidí	Alan Titley oide do M Ó Meara	350.00
CNLG Scríbhneoireacht	Scéim na nOidí	Tadhg Mac Dhonnagáin Oide do L	350.00
CNLG Deontais Eile	Féilte	An Comhdháil Meiriceánach	500.00
CNLG Deontais Eile	Féilte	Foilsíú Éireann	40,000.00
CNLG Deontais Eile	Féilte	Oireachtas na Gaeilge	4,000.00
CNLG Deontais Eile	Eagraíochtaí	Oidhreacht Chorca Dhuibhne	150.00
CNLG Deontais Eile	Tionscadail Litríochta	Roinn na Gaeilge, Coláiste	
CNLG Deontais Eile	Tionscadail Litríochta	Phádraig	642.20
CNLG Deontais Eile	Tionscadail Litríochta	Ionad Litríochta an Deiscirt	60.00
<b>Fo-iomlán</b>			<b>53,779.75</b>

Mír	Fo-mhír	Ainm Tionscnaimh	Le díscríobh €
Deontas Colmcille	Deontas Colmcille	Coláiste na hOllscoile BÁC	288.58
Deontas Colmcille	Deontas Colmcille	Scoil na Gaeilge UCD	159.93
Deontas Colmcille	Deontas Colmcille	Scoil Cheoil an Earraigh	1,580.42
Deontas Colmcille	Deontas Colmcille	Ceiliúradh an Bhlascaoid	219.39
Deontas Colmcille	Deontas Colmcille	Na Macallaí	4,000.00
<b>Fo-iomlán</b>			<b>6,248.32</b>

Mír	Fo-mhír	Ainm Tionscnaimh	Le díscríobh £STG
Costais Colmcille	Deontais £ Colmcille	Armagh Pipers Club	24.07
Costais Colmcille	Deontais £ Colmcille	Cló Ollscoil na Ríona	582.61
Costais Colmcille	Deontais £ Colmcille	Ionad Chalum Chille Íle	956.00
Costais Colmcille	Deontais £ Colmcille	Cumann Gaelach Ghlór na	335.00
Costais Colmcille	Deontais £ Colmcille	Ógras an Chaistil	4,208.00

Costais Colmille	Deontais £ Colmille	Forbairt Feirste	950.00
Costais Colmille	Deontais £ Colmille	Queens University Belfast	1,342.45
Costais Colmille	Deontais £ Colmille	Pobal	10.91
		<b>Fo-iomlán</b>	<b>8,409.04</b>

**Iomlán Deontas € le Díscríobh  
FNAG, CNLG &CC** € 88,449.54

**Iomlán Deontas £ le Díscríobh  
FNAG, CNLG &CC** £22,954.47

**Nótaí eolais – Athruithe pleananna 2011**

**Leabhar Breac**

(Iomlán deontas ceadaithe: €53,000; luach airgid an athraithe: c. €2,701)

Cuireadh níos mó cóipeanna den leabhar *Bodach an Chóta Lachna* i gcló (3,000 in áit 2,000) mar sin bhí na costais táirgíochta níos airde. Bhí costas beagán níos airde ar *Scéal Ghearóid Iarla* ná mar a bhí measta chomh maith. Aistríodh maoiniú ón mír caiteachas forbairt go táirgeacht chun seo a chlúdú. Ní dhéanfar an obair fhorbartha ar fad a bhí beartaithe

**Comhar**

(Iomlán deontas ceadaithe: €25,250; luach airgid an athraithe: c.€3,000)

Ní dhéanfar aon obair fhorbartha i mbliana agus ní dhéanfar an oiread obair mhargaíochta agus a bhí measta. Tá laghdú tagtha ar an díolachán leabhar measta. De bharr na n-athruithe seo go léir, tá €1,000 den deontas ceadaithe le díscríobh.

**Coiscéim**

(Iomlán deontas ceadaithe €135,500; luach airgid an athraithe: c.€1,500)

27 leabhar bainte ón bplean agus 21 leabhar curtha leis. Ní dhéanfar an obair fhorbartha a bhí beartaithe do 2011 – maoiniú a bhí ar fáil do seo curtha i dtreo costais táirgíochta agus caiteachas eile chun méadú ar na costais sin a chlúdú.

**Éabhlóid**

(Iomlán deontas ceadaithe: €11,000; luach airgid an athraithe: c. €540)

Níos mó obair le déanamh ar an leabhar mar sin ardú ar chostais táirgíochta. Ní dhéanfar an obair mhargaíochta a bhí beartaithe anois – maoiniú a bhí ar fáil do chaiteachas mhargaíochta curtha i dtreo costais táirgíochta.



## **Nótaí eolais – Athruithe pleananna 2012**

### Leabhar Breac

(Iomlán deontas ceadaithe: €50,500; luach airgid an athraithe: c. €7,000)

5 leabhar bainte ón bplean agus leabhar amháin curtha leis. Laghdú beag ar na costais forbartha measta.

### LeabhairCOMHAR

(Iomlán deontas ceadaithe: €24,000; luach airgid an athraithe: c.€3,000)

9 leabhar bainte ón bplean agus 2 leabhar curtha leis. Ardú ar na costais mhargaíochta.

### Futa Fata

(Iomlán deontas ceadaithe €67,000)

5 leabhar bainte ón bplean.

### Cló Iar-Chonnacht

(Iomlán deontas ceadaithe: €169,500)

4 leabhar bainte ón bplean.

### Móinín

(Iomlán deontas ceadaithe: €44,400)

1 leabhar bainte ón bplean.

## **Miontuairiscí ón 104ú cruinniú d'Fhoras na Gaeilge a tionóladh Dé hAoine 20 Aibreán 2012 i gceannáras Fhoras na Gaeilge, Baile Átha Cliath.**

**I láthair:** L. Ó Maolmhichíl (Cathaoirleach), L. Kennedy, T. Ruane, T. Sharkey, Á. Ní Chiaráin, S. Mac Donncha, T. Mac Eochagáin, S. M. Ó Domhnaill agus D. Ó hAiniféin.

**Ag freastal:** F. Mac an Fhailigh (Príomhfheidhmeannach), S. Ó Coinn (Leas-Phríomhfheidhmeannach), É. Ó hArgáin (Rúnaí), J. Ó Labhraí agus S. Uí Choinne.

**Leithscéalta:** E. Mac Cormaic (Leas-Chathaoirleach), M. Mac Ruairí, C. Ní Shúilleabháin, B. Ní Chonghóile, P. Callaghan, agus C. Cavanagh M. Ó Ríordáin.

### **01.104 MIONTUAIRISCI AGUS NITHE AG ÉIRÍ ASTU**

Bhí plé ar na miontuairiscí. Cuireadh in iúl nach raibh an Coiste um Luach Saothair ar an chlár ach go mbeadh sé ar an chlár don chéad chruinniú eile. Scaipeadh cóip de liosta de choistí na Comhairle Náisiúnta Curaclaim agus Mheasúnaithe a mbeidh Foras na Gaeilge le hionadaí a ainmniú orthu ar an Bhord. Cuireadh in iúl go mbeadh an chomhdháil léitheoireachta le reáchtáil i mí Mheán an Fhómhair anois in áit mhí an Mheithimh mar a bhí beartaithe. Scaipeadh cóip de na miontuairiscí ón chruinniú monatóireachta den 12 Nollaig 2011 mar eolas.

Ghlac an Bord leis na miontuairiscí agus shínigh an Cathaoirleach iad.

### **10.104 COMHFHREAGRAS**

Nótáil an Bord an comhfhreagras.

### **04.104 RÁITEAS CAITEACHAIS GO DTÍ 31 MÁRTA 2012 AGUS BUISÉAD ATHBHREITHNITHE GO 31 NOLLAIG 2012**

Tháinig an Clár bhainisteoir: Airgeadais agus Teicneolaíocht na Faisnéise isteach sa chruinniú agus scaip sí cóip uasdátaithe den ráiteas caiteachais agus bhí plé ina leith. Ghlac an Bord leis an ráiteas caiteachais agus leis an bhuiséad athbhreithnithe. D'fhág an Clár bhainisteoir: Airgeadais agus Teicneolaíocht na Faisnéise an cruinniú ag an phointe seo.

### **02.104 MOLTAÍ Ó CHOISTE NA nDEONTAS**

**D'fhág S. Mac Donncha, T. Sharkey agus S. Ó Coinn an cruinniú mar gheall ar bhaol choimhlint leasa.**

Ainm an tionscadail	Eagras	Méid iarrtha
Bunmhaoiniú 2012	Conradh na Gaeilge don tionscadal Seachtain na Gaeilge	€25,000

Ghlac an Bord leis an mholadh deontas breise nach mó ná €19,965 a íoc le Conradh na Gaeilge don tionscadal 'Seachtain na Gaeilge' don tréimhse 01 Eanáir – 31 Márta 2012 amháin.

Chuir Cathaoirleach an Bhoird in iúl go bhfuair sé féin agus roinnt comhaltaí eile comhfhreagras maidir le Seachtain na Gaeilge. Pléadh an cheist agus iarradh ar an fheidhmeannas féachaint arís ar an chás a bhí déanta ag Conradh na Gaeilge.

Ainm an tionscadail	Eagras
Bunmhaoiniú 2012	Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge

Ghlac an Bord leis an iarratas ar leasú phróifíl deontais Chomhdháil Náisiúnta na Gaeilge.

Ainm an tionscadail	Eagras	Méid iarrtha
Bunmhaoiniú 2012	Gael Linn	€344,138

Ghlac an Bord leis an mholadh soláthar deontais de €338,142 a chur ar fáil do Ghael Linn don chéad sé mhí de 2012 mar bhundeontas iomlán údaraithe don bhliain 2012.

Thug an Bord suntas don nóta eolais maidir le hathruithe pleananna Chlár na Leabhar Gaeilge.

Bhí plé ar an chiste réamhscolaíochta agus aontaíodh go leanfaí leis ó thuaidh. Ghlac an Bord leis na moltaí don chiste agus aontaíodh go ndéanfaí plé le páirtithe leasmhara faoi chritéir bhreise a chur leis go mbeadh naíolanna agus seirbhísí cúraim lae san áireamh, ó dheas. Beidh na moltaí le plé ag Coiste na nDeontas agus ag an Bhord.

**D'fhill S. Mac Donncha, T. Sharkey agus S. Ó Coinn ag an phointe seo.**

### **03.104 TUAIRISC Ó CHOISTÍ AN FHORAIS**

#### **Coiste an Fhoclóra**

Cuireadh in iúl go ndearnadh cur i láthair ar obair an fhoclóra ag an chéad chruinniú den Choiste agus aontaíodh go ndéanfaí cur i láthair ag an chruinniú Boird ar 25 Bealtaine 2012.

Tá faisnéis fágtha gan nochtadh anseo toisc gur fhaisnéis dhíolmhaithe í faoin gCod Cleachtais maidir le Saoráil Faisnéise Cuid 2 Mír 9.

#### **An Coiste Iniúchta**

Cuireadh in iúl go raibh cruinniú den Choiste Iniúchta ann sular cuireadh na cuntais ar fáil don Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste. Tugadh moladh don Chlár bhainisteoir as a hobair ar na Cuntais agus as a cur i láthair don Choiste Iniúchta.

#### **An Coiste Osradhairc**

Cuireadh in iúl go raibh tuairisc chuimsitheach curtha ar fáil ag an Phríomhfheidhmeannach don Choiste ag an dá chruinniú a bhí ann, 29 Márta agus 20 Aibreán. Cuireadh in iúl go raibh tuairisc ullmhaithe ag an Iniúchóir Inmheánach inar léiríodh go gcaithfí dul i gcomhairle leis na Ranna maidir le dáta don sciar, go gcaithfí córas leictreonach íocaíochta a chur i bhfeidhm agus go gcaithfí plé leis an Roinn maidir le tábhacht an réimse acmhainní daonna san eagraíocht. Cuireadh in iúl go raibh tairiscint déanta don dá phost mar Ardoifigeach Feidhmiúcháin.

Tá faisnéis fágtha gan nochtadh anseo toisc gur faisnéis dhíolmhaithe í faoi Chuid 1 Mír 2, Cuid 2, Míreanna 1, 2 agus 6 den Chód Cleachtais maidir le Saoráil Faisnéise.

### **An Coiste Forbartha**

Cuireadh in iúl go raibh scagadh á dhéanamh ag an chomhlacht Seirbhísí Pleanála Teanga ar na haighneachtaí ar an chomhairliúchán poiblí agus go raibh réamhthuirisc curtha ar fáil don Choiste Forbartha. Mar gheall ar litir a fuarthas ón Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta maidir le cuimhneacháin, mhol an Coiste Forbartha go n-ullmhófaí scéim i leith cuimhneachán agus go mbeadh an scéim sin réidh don bhliain seo chugainn. Ghlac an Bord leis an mholadh.

### **An Coiste Nuachtán agus Irisí**

Cuireadh in iúl go raibh Á. Ní Fhinné ag éirí as mar ionadaí seachtrach ar an Choiste Nuachtán agus Irisí agus ghabh an Bord buíochas léi as feidhmiú mar ionadaí. Ghlac an Bord leis an mholadh an Dr. R. Uí Chollatáin a ainmniú ar an choiste.

### **05.104 NÓTA EOLAIS MAIDIR LE HIARRATAIS AR DHEONTAIS**

Thug an Bord suntas don nóta eolais maidir le hiarratas ar dheontais.

### **06.104 SAINORDÚ CUNTAIS A DHAINGNIÚ**

Tá faisnéis fágtha gan nochtadh anseo de bhaol calaoise mar baineann sí le socrúithe baincéireachta.
--

(Aguisín 1)

### **07.104 TUAIRISC EATRAMHACH AR AN PHRÓISEAS COMHAIRLIÚCHÁIN**

Cuireadh in iúl go raibh tuairisc eatramhach ar an phróiseas comhairliúcháin faighte ón chomhlacht Seirbhísí Pleanála Teanga.

Cheadaigh an Bord táillí agus costais de €8,027 do Stillwarter Communications ag éirí as seirbhísí a chuir siad ar fáil don Fhoras i leith na gcruinnithe poiblí mar chuid den phróiseas comhairliúcháin.

### **08.104 LÉAS – OIFIG BHÉAL FEIRSTE**

Ghlac an Bord leis an mholadh maidir le hathnuachan léasa don oifig i mBéal Feirste, go ndeanfaí an léas a athnuachan ar feadh bliana ar ráta níos ísle cíosa, agus go mbeadh cead deireadh a chur leis an léas sin ach réamhfhógra de 6 mhí a thabhairt, agus aontaíodh go ndéanfaí an Conradh a phlé leis an dlíodóir. Thug an Bord cead séala an Fhorais a chur ar an léas, dá mba ghá leis.

### **09.104 TUAIRISC AN PHRÍOMHFHEIDHMEANNAIGH**

Scaip an Príomhfheidhmeannach cóip uasdátaithe dá thuairisc agus chuir sé in iúl:

- Gur thosaigh Oifigeach Cléireachais (OC) san SSC.  
Go raibh glactha le tairiscint do phost mar OC san SSC agus go raibh tairiscintí déanta don 2 phost mar AOF san SSC.
- Go mbeadh ainmniúcháin le déanamh ar choistí na Comhairle Naisiúnta Curaclaim agus Mheasúnaithe ach go raibh cinneadh déanta ag an Chomhairle gan ainmniúcháin a lorg ach do na coistí a bheidh gníomhach sa bhliain romhainn amháin. As na Coistí a bheidh gníomhach tá cead ag Foras na Gaeilge daoine a ainmniú ar:
  - Coiste Athbhreithnithe na Sraithe Sóisearaí

- Coiste na Sraithe Sinsearaí
- Coiste Luathoideachais agus Bunscoile
- Coiste Teanga Luathoideachais agus Bunscoile

Go raibh fógra ar shuíomh Fhoras na Gaeilge ag lorg léiriú suime.

- Go raibh plé ag leanúint le Foilsiú Éireann maidir le maoiniú Leabhar Power.
- Go raibh plé ag dul ar aghaidh leis an Roinn Oideachais agus Scileanna maidir le forbairt ar áiseanna leictreonacha agus áiseanna ar líne a bhaineann leis an tionscadal bunscoile, Séideán Sí. Comhfhiontar a bheidh ann idir An Roinn Oideachais, Foras na Gaeilge (tríd an nGúm) agus An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta.
- Go raibh sé mar aoí-chainteoir ag Ard Fheis Chonradh na Gaeilge in Inis, Co. an Chláir.
- Gur éascaíodh cruinniú idir an Roinn Ealaíon, Oidhreacht & Gaeltachta agus trí ghrúpa de chuid Scéim Phobal Ghaeilge maidir le Gréasáin Ghaeilge.
- Go raibh obair dheisiúcháin le déanamh ar an Cheannáras.

Tá faisnéis fágtha gan nochtadh anseo de bharr gur faisnéis dhíolmhaithe í faoi Chuid I, Mír 4 den Chód Cleachtais maidir le Saoráil Faisnéise.

- Go mbeadh Foras na Gaeilge ag Coiste na RCEF ag tionól Thuaisceart Éireann ar 26 Aibreán.

#### **11.104 AON GHNÓ EILE**

Scaipeadh cáipéis maidir le ról na gcoistí éagsúla Boird mar eolas. Chuir an Príomhfheidhmeannach in iúl go raibh É. Ó Gribín ceaptha anois ag an CATT mar comhalta Boird nua.

Tá faisnéis fágtha gan nochtadh anseo de bharr gur faisnéis dhíolmhaithe í faoi Chuid I, Mír 4 den Chód Cleachtais maidir le Saoráil Faisnéise.

---

**L. Ó Maolmhichíl**  
**Cathaoirleach**  
**25 Bealtaine 2012**

## **Aguisín 1**

Tá faisnéis fágtha gan nochtadh anseo de bhaol calaoise mar baineann sí le socrúithe baincéireachta.

## **Miontuairiscí ón 105ú cruinniú d'Fhoras na Gaeilge a tionóladh Dé hAoine 25 Bealtaine 2012 in oifigí Fhoras na Gaeilge, Béal Feirste.**

**I láthair:** L. Ó Maolmhichíl (Cathaoirleach), E. Mac Cormaic (Leas-Chathaoirleach), T. Ruane, T. Sharkey, Á. Ní Chiaráin, D. Ó hAiniféin, S. Mac Donncha, M. Mac Ruairí, C. Ní Shúilleabháin, B. Ní Chonghóile, T. Mac Eochagáin, S. M. Ó Domhnaill, P. Callaghan agus É. Ó Gribín.

**Ag freastal:** S. Ó Coinn (Leas-Phríomhfheidhmeannach), É. Ó hArgáin (Rúnaí), J. Ó Labhraí, agus S. Uí Choinne.

**Leithscéalta:** L. Kennedy, C. Cavanagh, F. Mac an Fhailigh (Príomhfheidhmeannach) agus M. Ó Ríordáin,

Chuir an Cathaoirleach fáilte roimh É. Ó Gribín, comhalta Boird nua, chuig a chéad chruinniú Boird.

### **01.105 MIONTUAIRISCÍ AGUS NITHE AG ÉIRÍ ASTU**

Bhí plé ar na miontuairiscí. D'ardaigh M. Mac Ruairí ceist faoi thréimhse Stillwater Communications agus mhol sé go lorgófaí cead ó na Ranna duine a fhostú le haghaidh obair chaidrimh phoiblí. Thagair E. Mac Cormaic don fhigiúr\* a bhí luaite le Stillwater Communications agus mhol sé go gcuirfí eolas den chineál seo in iúl roimh ré amach anseo sa chás go bhfaigheadh comhlachtaí táillí breise ar bharr mhéid an chonartha s'acu.

D'iarr an Stiuthóir Seirbhísí Forbartha, faomhadh an Bhoird ar íocaíocht bhreise\* a bhí le híoc le Stillwater Communications as éascaitheoireacht a dhéanamh ag na cruinnithe poiblí a réachtáladh mar chuid den phróiseas comhairliúcháin. D'fhaomh an Bord an íocaíocht.

\* Tá faisnéis fágtha gan nochtadh anseo toisc gur faisnéis dhíolmhaithe í faoi Chuid 2 Mír 9 den Chód Cleachtais maidir le Saoráil Faisnéise.

Chuir an Stiuthóir Seirbhísí Forbartha in iúl go mbeifí ag plé na ceiste a ardaíodh maidir le hiarratas Sheachtain na Gaeilge ar chruinniú Mhí Aibreáin i gcomhthéacs mheasúnú na n-iarratas ar bhunmhaoiniú agus go mbeadh moladh le cur faoi bhráid an Bhoird ar chruinniú Boird Mhí an Mheithimh.

Ghlac an Bord leis na miontuairiscí agus shínigh an Cathaoirleach iad.

### **02.105 TUAIRISC Ó CHOISTÍ AN FHORAIS**

#### **Coiste na nDeontas**

**D'fhág an Cathaoirleach an cruinniú mar gheall ar bhaol coimhlint leasa agus chuaigh E. Mac Cormaic sa chathaoir.**

Bhí plé ar Scéim na gComplachtaí Drámaíochta 2012 agus ghlac an Bord leis na moltaí uile. (Aguisín 1)

Ainm	Méid lorgtha	Méid molta
Aisling Ghéar	£58,000	£55,000

Ghlac an Bord leis an mholadh deontas nach mó na £55,000 a cheadú d’Aisling Ghéar i dtreo na gcostais a bhaineann lena gclár oibre in 2012.

Iarradh ar an fheidhmeannas iarracht a dhéanamh iarrthóirí ar an scéim a spreagadh le tabhairt faoi dhrámaí eile scoile seachas ‘An Triail’, agus a chur in iúl dóibh nach leor aistriúchán ar dhráma Béarla le riachtanais an tsiollabais scoile a shásamh.

### **D’fhill an Cathaoirleach ag an pointe seo agus chuaigh sé sa chathaoir arís.**

Scaipeadh scarbhileog uasdátaithe maidir le Scéim na gCampaí Samhraidh 2012 agus cuireadh in iúl go raibh airgead breise ar fáil le gach campa a fuair marc 80% nó os a chionn a mhaoiniú. Ghlac an Bord leis na moltaí uile (**Aguisín 2**). Tógadh ceist faoi leathadh tíreolaíoch dháileadh na ndeontas faoin scéim seo, agus cé acu a bheadh bealach ann le iarratais a mhealladh ó cheantair nach raibh iarratais ag teacht uathu faoi láthair. Cuireadh in iúl go ndéanfaí athbhreithniú ar chritéir na scéime san fhómhar. Moladh go gcuirfí in iúl d’iarrthóirí san eolas a chuirfí amach chucu ar an bhliain s’chugainn gur féidir deontais a iarraidh ar chomhairlí ceantair le haghaidh campaí samhraidh.

### **An Coiste Iniúchta**

Cuireadh in iúl go raibh cruinniú den Choiste Iniúchta ann an oíche roimh an chruinniú Boird. Scaipeadh cóip uasdátaithe den chlár rioscaí agus ghlac an Bord leis. Cuireadh in iúl go raibh athbhreithniú á dhéanamh ar na buiséid go deireadh na bliana faoi láthair.

Tá faisnéis fágtha gan nochtadh anseo toisc gur faisnéis dhíolmhaithe í faoi Chuid 1 Mír 2 agus faoi Chuid 2, Míreanna 2, 9, agus 10 den Chód Cleachtais maidir le Saoráil Faisnéise.

Cuireadh in iúl gur ainmníodh Leachlainn Ó Catháin mar bhall seachtrach den Choiste agus ghlac an Bord leis an ainmniúchán sin. Cuireadh in iúl go raibh ball seachtrach eile le hainmniú fós.

### **An Coiste Nuachtán agus Irisí**

Tá faisnéis fágtha gan nochtadh anseo toisc gur faisnéis dhíolmhaithe í faoi Chuid 2, Mír 9 den Chód Cleachtais maidir le Saoráil Faisnéise.

Ghlac an Bord leis an mholadh go dtabharfaí síneadh bliana go dtí 31 Nollaig 2013 ar an chonradh reatha d’Oideas Gael don Iris ar Líne, [www.beo.ie](http://www.beo.ie) agus leis an mholadh deontas nach mó ná €70,000 a chur ar fáil don tréimhse sin. Cuireadh in iúl don Bhord gur thoiligh R. Ní Chollatáin dul ar an Choiste.



### **An Coiste Forbartha**

Cuireadh in iúl go raibh cúpla cruinniú ag an Choiste ó bhí an cruinniú Boird deiridh ann, go raibh dréacht tuairisce faighte ar an aischothú ón phróiseas comhairliúcháin agus go mbeadh tuairisc iomlán ar an chomhairliúchán le cur faoi bhráid an Bhoird ar an chéad chruinniú Boird eile.

### **An Coiste Osradhairc**

Cairde na Gaelscoile (Naíscoil Éadain Mhóir)	Club Óige Éadain Mhóir				3,420.00	1,710.00	1,710.00
Club Cispheile 'Lee Valley'	Ranganna Cispheile tré Ghaeilge, Ciorcal Cainte do na himirtheoirí & imeachtaí eile	5,000.00	2,500.00	2,500.00			
Gaelscoil Léim an Mhadaidh	Abair as Gaeilge é!				3,272.00	1,819.00	1,453.00

Glór an Ghleanna					3,500.00	1,360.00	2,140.00
Naíscóil Léim an Mhadaidh	Tús Maith Léim an Mhadaidh				3,500.00	1,450.00	2,050.00
Sticky Fingers Arts	In the Garden/Sa Ghairdín				3,500.00		3,500.00
Ballyholland PS	Cumann Gaelach Cholmán				3,400.00	1,475.00	1,925.00
St. Mary's Primary School	67 Downpatrick Street				3,245.00	1,595.00	1,650.00
Gaelscoil na Speiríní	Club Iarscoile				3,500.00	1,730.00	1,770.00
Cairdeas, Kilmovee Family Resource Centre	After School Drama Club	2,800.00	0.00	2,800.00			
Na Macallaí	Imeachtaí Óige Gaeilge	5,000.00	2,500.00	2,500.00			
Gaelscoil an Chaistil	Clár Imeachtaí an Chaistil				3,500.00	1,750.00	1,750.00
Naíscóil Ard Eoghain	Spraoi le Chéile				3,490.00	1,745.00	1,745.00
Cormeen Community Development	Gaelsport	1,690.00	845.00	845.00			

Tá faisnéis fágtha gan nochtadh anseo toisc gur faisnéis dhíolmhaithe í faoin gCód Cleachtais maidir le Saoráil Faisnéise

		126,728.00	77,128.50	49,599.50	138,889.10	60,910.10	77,979.00

<b>Iomlán</b>	<b>€286,371</b>
<b>2012</b>	<b>€147,140</b>
<b>2013</b>	<b>€139,231</b>

**Miontuairiscí ón 108ú cruinniú Boird a tionóladh Dé hAoine 28 Meán Fómhair 2012 in oifigí Fhoras na Gaeilge, Béal Feirste.**

**I láthair:** L. Ó Maolmhichíl (Cathaoirleach), E. Mac Cormaic (Leas-Chathaoirleach), T. Ruane, Á. Ní Chiaráin, D. Ó hAiniféin, S. Mac Donncha, M. Mac Ruairí, L. Kennedy, C. Cavanagh, B. Ní Chonghóile, S. M. Ó Domhnaill, C. Ní Shúilleabháin, agus É. Ó Gribín.

**Leithscéalta:** T. Sharkey, P. Callaghan, agus T. Mac Eochagáin.

**Ag freastal:** F. Mac an Fhailigh (Príomhfheidhmeannach), S. Ó Coinn (Leas-Phríomhfheidhmeannach), É. Ó hArgáin (Rúnaí), J. Ó Labhraí, agus C. Ní Chonghaile.

**Leithscéalta:** M. Ó Ríordáin.

Shínigh na comhaltaí dearbhú go raibh Buan-Orduithe agus Cód Iompair Fhoras na Gaeilge léite acu, gur thuig siad a n-impleachtaí agus go bhfeidhmeodh siad dá réir.

**01.108 MIONTUAIRISICÍ AGUS NITHE AG ÉIRÍ ASTU**

Ghlac an Bord leis na miontuairiscí agus shínigh an Cathaoirleach iad. Cuireadh in iúl go raibh teideal na féile ‘18th William Kennedy Piping Festival’ a cuireadh faoi bhráid an Bhoird le húdarú ar 29 Meitheamh 2012 le leasú go ‘Armagh Pipers’ Club’, teideal oifigiúil na heagraíochta.

Scaipeadh liosta de scéimeanna tacaíochta maoinithe Fhoras na Gaeilge mar eolas ar na comhaltaí.

Chuir an Príomhfheidhmeannach in iúl go ndearna sé fiosruithe maidir le costas do E-reader/iPad a fháil do chomhaltaí Boird agus go raibh súil go mbeadh siad curtha ar fáil faoi dheireadh na bliana.

**02.108 TUAIRISC Ó CHOISTÍ AN FHORAIS**

**Coiste na nDeontas**

**D’fhág E. Mac Cormaic, S. Mac Donncha, M. Mac Ruairí agus É. Ó Gribín an cruinniú mar gheall ar bhaol choimhlint leasa.**

Ghlac an Bord leis na moltaí maidir le bunmhaoiniú 2012/2013 mar seo a leanas:

<b>Eagraíocht</b>	<b>Uasmhéid Ceadaithe ina Iomláine – Iúil 2012 go Meitheamh 2013</b>	<b>Próifíl 2012</b>	<b>Próifíl 2013</b>
Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge	€37,576	€68,785	€68,791
Raidió na Life	€207,332	€103,135	€104,197
FNT	€1,012,121	€81,293	€30,828

Ghlac an Bord leis an mholadh maidir le bunmhaoiniú Altram (**Aguisín 1**).

Ghlac an Bord leis an mholadh maidir le bunmhaoiniú Gaelscoileanna (**Aguisín 2**).

**D’fhill E. Mac Cormaic, S. Mac Donncha, M. Mac Ruairí agus É. Ó Gribín ag an pointe seo.**

Thug an Bord suntas do na nótaí eolais maidir le Conradh na Gaeilge agus Náiscoil Cholmcille (**Aguisín 3 & 4**).

**D'fhág S. Ó Coinn an cruinniú mar gheall ar bhaol choimhlint leasa.**

<b>Eagraíocht</b>	<b>Méid á lorg</b>	<b>Méid molta</b>
Comhairle na Gaelscolaíochta	£20,000	£20,000

Ghlac an Bord leis an mholadh deontas nach mó ná **£20,000** i 2013 a bhronnadh ar Chomhairle na Gaelscolaíochta chun an tionscadal **Oifigeach Forbartha Óige** a chur i gcrích ar an choinníoll seo a leanas:

- *go mbeidh cómhaoiniú faighte ó Chomhairle na nÓg agus é sin deimhnithe (trí chóip den litir thairisceana bheith curtha ar fáil dúinn) sula n-íocfar aon sciar den deontas.*

**D'fhill S. Ó Coinn ag an phointe seo.**

<b>Eagraíocht</b>	<b>Méid á lorg</b>	<b>Méid molta</b>
Vifax don Ghaeilge	€14,296.14	€14,296.14

Ghlac an Bord leis an mholadh deontas nach mó ná €14,296.14 (€7,500 i 2012 agus €6,796.14 i 2013) a chur ar fáil d'Ionad na dTeangacha, Ollscoil na hÉireann, Maigh Nuad chun cuidiú leis na costais a bhaineann le Vifax don Ghaeilge a fhorbairt don scoilbhliain 2012/13.

### **An Coiste Iniúchta**

Thug Cathaoirleach an Choiste uasdátú ar obair an Choiste. Cuireadh in iúl go raibh cruinniú ag an Choiste ar 27 Meán Fómhair agus gur pléadh agus faomhadh:

1. Tuairisc an Iniúcháir Inmheánaigh do 2011 agus go mbeadh sin le scaipeadh ar an Bhord.
2. An Clár Rioscaí a bhí faoina bhráid. Ghlac an Bord leis an Chlár Rioscaí.

Chuir sé in iúl chomh maith gur pléadh an Ráiteas Caiteachais, polasaí Tabhartais agus Fáilteachais agus an polasaí Frithchaloise agus go mbeadh siad le plé arís ag an Choiste ag an chéad chruinniú eile.

Tá faisnéis fágtha gan nochtadh anseo toisc gur faisnéis dhíolmhaithe í faoin gCód Cleachtais maidir le Saoráil Faisnéise.

### **An Coiste Nuachtán agus Irisí**

Thug Cathaoirleach an Choiste uasdátú ar an staid reatha agus chuir sé in iúl go mbeadh seimineár ar na meáin ag Oireachtas na Gaeilge dar teideal **“Earnáil na Meán Gaeilge i gCoitinne agus na Bagairtí Amach Anseo – Cad é atá le déanamh?”**.

### **Coiste an Fhoclóra**

Ghlac an Bord leis na moltaí seo a leanas maidir leis an fhoclóir:

1. An Conradh cothabhála don DPS a shíneadh do thréimhse trí bliana, ar phraghas de **€44,145** agus an t-iomlán a íoc i mbliana leis an lacáiste de 40% a fháil.
2. Na híocaíochtaí breise le IDM, lasmuigh de na conarthaí thuasluaite, a mhéadú go dtí **€20,000** don tréimhse 2011-2015.

### **Coiste Chlár na Leabhar Gaeilge**

Scaipeadh Tuairisc an Chathaoirligh ar Choiste Chlár na Leabhar Gaeilge agus thug an Cathaoirleach uasdátú ar an staid reatha.

### **03.108 RÁITEAS CAITEACHAIS GO DTÍ 31 LÚNASA 2012 AGUS BUISÉAD ATHBHREITHNITHE GO 31 NOLLAIG 2012**

Cuireadh in iúl go mbeadh coigeartú buiséid le déanamh roimh dheireadh na bliana agus pléadh roinnt scéimeanna agus iarratais. Thug an Bord cead don Chathaoirleach, i gcomhar leis an Phríomhfheidhmeannach, coigeartú buiséid agus deontais a cheadú ar an bhuiséad athbhreithnithe san idirthréimhse go dtí an chéad chruinniú Boird eile i mí na Samhna. Ghlac an Bord leis an bhuiséad athbhreithnithe.

### **04.108 RÚN MAIDIR LE BAINCÉIREACHT AR LÍNE LE BANC AONTAS ÉIREANN**

Ghlac an Bord leis an rún maidir le baincÉireacht ar líne le Banc Aontas Éireann.

### **05.108 NÓTA EOLAIS MAIDIR LE HIARRATAIS AR DHEONTAIS**

Thug an Bord suntas don nóta eolais maidir le hiarratais ar dheontais.

Tá faisnéis fágtha gan nochtadh anseo toisc gur faisnéis dhíolmhaithe í faoi Chuid 1 Mír 2, Cuid 2, Míreanna 1, 2 agus 6 den Chód Cleachtais maidir le Saoráil Faisnéise.

### **07.108 CEAPACHÁIN AR CHOISTÍ CHOMHAIRLE NÁISIÚNTA CURACLAIM AGUS MEASÚNACHTA**

Ghlac an Bord leis na ceapacháin seo a leanas maidir le hionadaithe Fhoras na Gaeilge ar Choistí an CNCM (Comhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta)

#### **Coiste na Sraithe Sóisearaí**

Muireann Ní Mhóráin

#### **Coiste na Sraithe Sinsearaí**

Éabha Ní Mhonacháin

(athainmniúchán – Sinéad Ní Ghuidhir)

#### **Coiste an Luath-Óige agus na Bunscolaíochta**

Séamie Ó Néill

(athainmniúchán – Jacqueline de Brún)

#### **An Coiste um Teanga na Luath-Óige agus sa Bhunscolaíocht**

Séamie Ó Néill

(athainmniúchán – Jacqueline de Brún)

D'iarr an Bord go gcuirfí buíochas Fhoras na Gaeilge in iúl do na daoine uile a bhí sásta ligean dá n-ainm dul chun cinn le haghaidh ainmniucháin.

### 08.108 TUAIRISC AN PHRÍOMHFHEIDHMEANNAIGH

Scaipeadh cóip uasdátaithe de thuairisc an Phríomhfheidhmeannaigh agus chuir sé in iúl:

- Go raibh an t-oibrí stórais i ndiaidh éirí as, go raibh an post fógartha agus na hagallaimh socraithe. Gur thosaigh Oifigeach Feidhmiúcháin in oifig Ghaoth Dobhair ar 30 Iúil 2012.
- Go raibh sé curtha in iúl ag na Ranna gur mar a leanas a bheadh an buiséad ag Foras na Gaeilge do 2012:

2012	Buiséad CATT 2010	Buiséad CATT 2012		Ranníocaíocht RCEF		Ranníocaíocht REOG	
		EUR	STG	EUR	STG	EUR	STG
Gnau	<b>£3,327,600</b>	3,337,162	2,903,331	2,524,386	2,196,216	812,776	<b>707,115</b>
FnaG	<b>€20,643,340</b>	17,701,664	15,400,448	4,541,535	3,951,135	13,160,129	11,449,312
Iomlán		<b>21,038,826</b>	<b>18,303,779</b>	<b>7,065,921</b>	<b>6,147,351</b>	<b>13,972,905</b>	<b>12,156,427</b>

- Go ndúradh go mbeadh ciorrú de 6% ar Chlár na Leabhar Gaeilge agus ar Cholmcille ach go mbeadh buiséad Cholmcille le haontú le hAlbain.
- Nár tháinig an dréacht den mhúnla dátheangach don sciar ó na Ranna go fóill.
- Go raibh sraith ceardlann agus cruinnithe aonair ann leis na heagrais le tosaíochtaí sna réimsí oibre a aithint agus an bealach chun tosaigh a phlé.
- Gur tháinig cead ó na Ranna don mhórshuibhne - tionscadal a mhairfidh 2 bhliain go leith nuair a chuirtear staid na hanailíse san áireamh. Mar chuid de seo beidh grúpa taighde le bunú idir na ranna agus an Foras.
- Go raibh cead na Ranna do léas Bhéal Feirste faighte agus go mbeadh sé le síniú. Thug an Bord cead Séala an Fhorais a úsáid don léas úr i mBéal Feirste agus d'athruite ar léas ar an oifig i Ráth Chairn dá mbá gá.
- Go raibh Comharchumann Forbartha Ghaoth Dobhair, tiarna talún oifigí Fhoras na Gaeilge i nGaoth Dobhair, i ndiaidh cur in iúl go bhfuil siadsan ag íoc rátaí ar chuid den oifig s'againn. Tá iarrtha acu ar an Chomhairle Contae athmheasúnú a dhéanamh ar an fhoirgneamh ach níor tharla sin go fóill.
- Go raibh Tomás Ó Ruairc mar bhall ex officio den Choiste Téarmaíochta thar ceann na Roinne Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta agus gur mhian leis an Roinn Máirín Ní Mhárta a ainmniú ina áit mar bhall ex officio.
- Go raibh maoiniú geallta ag an ROS le hacmhainní leictreonacha a chur ar fáil le tacú le Séideán Sí. Go raibh aontú i bprionsabal déanta le CCEA maidir leis na seirbhísí teicniúla a chur ar fáil mar chuid de thionscadal thuaidh-theas. Go raibh idirbheartaíocht ar siúl faoi láthair idir an Roinn Oideachais agus Scileanna, Foras na Gaeilge, COGG agus CCEA ar an dóigh is fearr leis an tionscadal a thabhairt chun tosaigh.

Tá faisnéis fágtha gan nochtadh anseo toisc gur faisnéis dhíolmhaithe í faoi Chuid 1 Mír 2, Cuid 2, Míreanna 1, 2 agus 6 den Chód Cleachtais maidir le Saoráil Faisnéise.

D'iarr an Bord go dtógfadh an Cathaoirleach ceist mhaoinithe Eagraíocht na Scoileanna Gaeltachta leis na hAirí nuair a bheadh an cruinniú ann idir na hAirí agus na Cathaoirligh.

Tá faisnéis fágtha gan nochtadh anseo toisc gur faisnéis dhíolmhaithe í faoi Chuid 1 Mír 2, Cuid 2, Míreanna 1, 2 agus 6 den Chód Cleachtais maidir le Saoráil Faisnéise.

Go raibh an grúpa Ardleibhéil idir an Roinn, An Roinn Oideachais, Údarás na Gaeltachta, COGG agus an Foras faoin Straitéis 20 bliain le bunú go luath.

- Gur tharla an Chomhdháil faoi léitheoireacht ar 20 agus 21 Meán Fómhair agus go mbeifí ag dul ar aghaidh anois ag plé straitéis faoin léitheoireacht.
- Go raibh an Roinn ag plé 'Scéim na gCúntóirí Teanga' a leathnú amach taobh amuigh den Ghaeltacht agus go mbeadh sé i gceist go mbeadh Foras na Gaeilge freagrach as feidhmiú na scéime.

Tá faisnéis fágtha gan nochtadh anseo toisc gur faisnéis dhíolmhaithe í faoi Chuid 1 Mír 2, Cuid 2, Míreanna 1, 2 agus 6 den Chód Cleachtais maidir le Saoráil Faisnéise.

Ghlac an Bord leis an mholadh

- Gur leis na Cathaoirligh a bhí na hAirí ag iarraidh bualadh anois seachas leis an dá bhord (bord Fhoras na Gaeilge agus bord Ghníomhaireacht na hUltaise) mar a bhí curtha in iúl de chéaduair.

### **09.108 COMHFHREAGRAS**

Nótáil an Bord ráiteas ón Fhóram i leith chúíchóiriú na n-eagraíochtaí bunmhaoinithe.

### **10.108 AON GHNÓ EILE**

D'iarr an Príomhfheidhmeannach ar chomhaltaí Bhoird a gcuid iarratas ar chostais a sheoladh ar aghaidh chuig an Rannóg Airgeadais faoin Aoine 12 Deireadh Fómhair 2012.

- Phléigh an Bord páipéar ón Mheitheal Oibre ar thaighde na Comhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnaithe (CNCM) ar an Churaclam Bunscoile. Glacadh leis an pháipéar agus moladh go ndéanfaí teagmháil leis an CNCM le tacaíocht Fhoras na Gaeilge a chur in iúl maidir le moltaí thaighde CNCM faoi cheist na gCuraclam comhtháite.
- Iarradh go léireoidh Foras na Gaeilge a míshástacht nach raibh leaganacha Gaeilge de na 3 thuairisc thaighde ar fáil, agus nach raibh tagairtí níos suntasaí ann don Ghaeilge sa dá thuairisc thaighde eile (i) Litearthacht in Oideachas Bunscoile agus sna Luathbhlianta agus (ii) Teanga ó Bheal in Oideachas Bunscoile agus sna Luathbhlianta.
- Iarradh go mbeadh córas comhuaineach aistriúcháin in úsáid le linn chruinnithe An Fhorais Teanga feasta, agus go ndéanfaí fiosrúchán ina leith sin roimh an chéad chruinniú eile den Fhoras Teanga i mí na Nollag.

### **11.108 TUAIRISC ÓN CHOISTE FORBARTHA**

**D'fhág E. Mac Cormaic, S. Mac Donncha, M. Mac Ruairí agus É. Ó Gribín an cruinniú mar gheall ar bhaol choimhlint leasa.**

Tá faisnéis fágtha gan nochtadh anseo toisc gur faisnéis dhíolmhaithe í faoi Chuid 1 Mír 2, Cuid 2, Míreanna 1, 2 agus 6 den Chód Cleachtais maidir le Saoráil Faisnéise.

---

**Liam Ó Maolmhichíl**

**Cathaoirleach**

**2 Samhain 2012**



## Moladh le Ceadú

**Ainm an Eagrais:** Altram

**Ainm an Tionscadail:** Bunmhaoiniú 2012 & Bunmhaoiniú 2012/2013

### **Moladh 1 (Uimh. Thag. 11010157)**

Ag cruinniú boird ar an 2 Nollaig 2011 ceadaíodh deontas nach mó ná £86,730 d'Altram don tréimhse 01 Eanáir 2012 go 30 Meitheamh 2012 agus go n-íocfar an deontas trí Fhorbairt Naíonraí Teoranta (FNT) ag ráta malartaithe de 0.87 atá i bhfeidhm san eagraíocht (bunaithe ar threoir ó na Ranna Urraíochta). D'fhág sé sin go mbeadh €9,690 le híoc le hAltram ach nuair a dhéantar an deontas a aistriú ó chuntas FNT tarlaíonn sé sin ag ráta an lae – ráta atá níos ísle (ar an mheán 0.79/0.80).

Tá Altram £6,557.02 Steirling gan ar an deontas a ceadaíodh don tréimhse mar gheall ar an ráta malartaithe.

Moltar £6,557.02 Steirling a íoc le hAltram, trí FNT, le go mbeidh an deontas iomlán faighte acu agus le gur féidir leo na costais a bhaineann leis an chlár oibre a chlúdach.

### **Moladh 2 (Uimh. Thag. 1201135)**

Ag cruinniú boird ar an 29 Meitheamh 2012 ceadaíodh deontas nach mó ná £168,732 d'Altram don tréimhse 01 Iúil 2012 go 30 Meitheamh 2013 agus arís go n-íocfar an deontas trí Fhorbairt Naíonraí Teoranta (FNT) ag ráta malartaithe de 0.87 (i. €193,045)

Moltar, chun gur féidir na deacrachtaí luaite faoi '*Moladh 1*' a shárú, an deontas £168,732 a íoc le hAltram i Steirling trí FNT.

**Nóta Eolais**

**Ainm an Eagrais:** Gaelscoileanna  
**Ainm an Tionscadail:** Bunmhaoiniú 2012/2013

**Leasú**

Ag cruinniú boird ar an 29 Meitheamh 2012 ceadáíodh deontas nach mó ná **€432,512** do Ghaelscoileanna don tréimhse 01 Iúil 2012 go 30 Meitheamh 2013.

Cuireadh in iúl do Ghaelscoileanna gur deontas eatramhach a bhí ann agus go mbeadh tairiscint leasaithe déanta nuair a bheadh athríomh déanta ar an tuarastal bunaithe ar Chiorclán 28/2009 de Scálaí Státseirbhíse mar a aontaíodh ag an chruinniú boird ar an 29 Meitheamh 2012.

Tá an próiseas sin críochnaithe ag Foras na Gaeilge agus seo a leanas an deontas atá ceadaithe do Ghaelscoileanna Teo don tréimhse 01 Iúil 2012 – 30 Meitheamh 2013, ar na téarmaí agus ar na coinníollacha mar a bhí siad leagtha amach sa chéad litir thairisceana.

	<b>Údaraithe € (01 Iúil 2012 go 30 Meitheamh 2013)</b>	<b>Próifíl Buiséid in 2012</b>	<b>Próifíl Buiséid in 2013</b>
<i>Ardfheidhmeannach(POC, 28/2009)</i>	90,635	45,318	45,317
<i>Leas Ardfheidhmeannach (AOF, 28/2009)</i>	67,999	34,000	33,999
<i>Oifigeach Forbartha(OF, 28/2009)</i>	45,030	22,363	22,667
<i>Feidhmeannach P/A (OF, 28/2009)</i>	28,058	14,029	14,029
<i>Rúnaí Oifige(OC, 28/2009)</i>	40,520	19,991	20,529
<b>Fo-iomlán</b>	<b>272,242</b>	<b>135,701</b>	<b>136,541</b>
<b>Costais reatha</b>			
Gnáthchostais reatha	51,063	25,337	25,726
Taisteal & Cothabháil	24,000	12,000	12,000
<b>Fo-iomlán</b>	<b>75,063</b>	<b>37,337</b>	<b>37,726</b>
<b>Imeachtaí / Tionscadail</b>			
Tacaíocht do scoileanna / Deontais Bunaithe Scoileanna	9,000	6,000	3,000
Seimineár Oiliúna	3,571	1,571	2,000

Comhdháil Bhliantúil	16,037	16,037	0
Comhthionscadal le FNT ('An Traein')	2,000	2,000	0
Imeachtaí Idir scoile	15,000	5,000	10,000
Scléip	12,637	677	11,960
Struchtúr Tacaíochta Réigiúnda	2,400	1,600	800
Nuachtlitir Leictreonach	1,321	450	871
Treoirleabhar ar Mhargaíocht na Scoileanna lánGhaeilge	1,508	1,508	0
Athchló - Pacáistí eolais	3,499	3,499	0
<b>Fo-iomlán</b>	<b>66,973</b>	<b>38,342</b>	<b>28,631</b>
<b>Iomlán</b>	<b>414,278</b>	<b>211,380</b>	<b>202,898</b>

Bunaithe ar an athríomh a rinneadh ar thuarastal don eagraíocht is é deontas nach mó ná **€114,278** (€111,380 i 2012 agus €202,898 i 2013) atá ceadaithe do Ghaelscoileanna don tréimhse Iúil 2012 go Meitheamh 2013.

Sáraíonn an tsuim leasaithe seo an tsuim a tairiscíodh don eagraíocht ar an 29 Meitheamh 2012.

## Nóta Eolais

**Ainm an Eagrais:** Conradh na Gaeilge  
**Ainm an Tionscadail:** Bunmhaoiniú 2012/2013

Ag cruinniú boird ar an 29 Meitheamh 2012 ceadaíodh deontas nach mó ná **€528,163** mar bhunmhaoiniú do 2012/2013 do Chonradh na Gaeilge.

### Leasú

I gcomhfhreagras ón eagraíocht dar dáta 01/08/2012 iarradh ar Fhoras na Gaeilge buiséad Chonradh na Gaeilge (mar a ceadaíodh é ar an 29/06/12) a leasú chun na hathruithe seo a leanas a chur san áireamh:

	<b>Údaraithe ag Cruinniú Boird 29/06/12</b>	<b>Próifil Deontais Leasaithe</b>	Próifil Buiséid in 2012	Próifil Buiséid in 2013
<b>Tuarastail</b>				
<i>Ard-Rúnaí</i> <i>(PríomhOifigeach Cúnta, Ciorc. 28/2009, Pointe 6)</i>	83,650	83,650	41,825	41,825
<i>Leas-Ardrúnaí agus Timire Náisiúnta</i> <i>(Ard-Oif. Feidhm., Ciorc. 28/2009, Pointe 9)</i>	64,143	64,143	32,072	32,071
<i>Feidhmeannach</i> <i>Forbartha agus Oifige</i> <i>(Oif. Feidhm., Ciorc. 28/2009, Pointe 6)</i>	43,113	43,113	21,556	21,557
<i>Feidhmeannach</i> <i>Foilseachán</i> <i>(ArdOif. Feidhm., Ciorc.28/2009, Pointe 4)</i>	55,247	55,247	27,623	27,624
<i>Feidhmeannach</i> <i>Airgeadais (Oif. Riar., Ciorc. 28/2009, Pointe 9)</i>	38,727	38,727	19,363	19,364
<i>Fáilteoir (Oif. Cléir., Ciorc.28/2009, Pointe 11)</i>	37,256	37,256	18,628	18,628
<i>Pinsean amháin</i>	10,858	10,858	5,429	5,429
	<b>332,994</b>	<b>332,994</b>	<b>166,496</b>	<b>166,498</b>
<b>Taisteal agus cothabháil</b>	10,000	10,000	5,000	5,000
<b>Costais reatha agus riaracháin</b>	20,539	20,539	10,269	10,270
	<b>30,539</b>	<b>30,539</b>	<b>15,269</b>	<b>15,270</b>
<b>Imeachtaí / Tionscadail</b>				
Comhdhálacha	6,000	6,000	3,000	3,000
Bliain na Gaeilge 2013	5,000	5,000	2,500	2,500
	<b>11,000</b>	<b>11,000</b>	<b>5,500</b>	<b>5,500</b>

Feasta	<b>41,487</b>	<b>41,487</b>	<b>20,743</b>	<b>20,744</b>
<b>Seachtain na Gaeilge 2012-2013</b>				
<b>Tuarastail</b>				
Bainisteoir ( <i>ArdOif. Feidhm., Ciorc. 28/2009, Pointe 1</i> )	50,717	50,717	25,358	25,359
Oifigeach Riaracháin ( <i>Oif. Cléir., Ciorc. 28/2009, Pointe 1</i> )	25,482	24,420	11,679	12,741
<b>Taisteal</b>	3,500	3,500	1,200	2,300
<b>Costais reatha</b>	12,944	13,436	8,097	5,339
<b>Buiséid Príomhghníomhaíochtaí x 6 (Meáin Chumarsáide, Óige, Pobal, Comhpháirtíocht, Imeachtaí, An Ghaeilge thar Lear)</b>	19,500	20,070	12,070	8,000
	<b>112,143</b>	<b>112,143</b>	<b>58,404</b>	<b>53,739</b>
<b>Iomlán</b>	<b>€28,163</b>	<b>€28,163</b>	<b>€266,412</b>	<b>€261,751</b>

### Mar eolas

Is mar gheall ar fhuílleach, ag eascairt as tréimhse folúntais de phost an Oifigigh Riaracháin le Seachtain na Gaeilge gan ceapúchán, go bhfuil cead á lorg le €492 a chaitheamh anois ar Chostais Reatha agus €70 chostais Bhuiséad Phríomhghníomhaíochtaí Sheachtain na Gaeilge. Tá an post líonta anois agus soláthraíodh briseadh síos ar an chaiteachas athmheasta.

Cheadaigh an Príomhfheidhmeannach an leasú seo ar 14/08/12.

## Nóta Eolais

Ceadaíodh deontas mar a leanas ar Chruinniú Boird Mhí na Mheithimh 2012 do Naíscoil Cholmcille faoin Chiste Infheistíochta do Bhunú Soláthair Náiscolaíochta.

Ainm	Méid á lorg	Méid molta
Naíscoil Cholmcille	£76,000	£76,000

Ghlac an Bord leis an mholadh deontas nach mó ná £76,000 a chur ar fáil do Naíscoil Cholmcille thar na scoilbhlianta 2012/2013 agus 2013/2014. (£22,668 i 2012, £32,000 i 2013 agus £21,332 i 2014).

Tá leasuithe molta ag NS Cholmcille sa chlár oibre; tá molta ag na hiarratasóirí nach mbogfaidh siad chuig a n-ionad úr go ceann 3 mhí de bharr gur tairgeadh suíomh úr dóibh atá in áit níos fearr i dtaca leis an phobal de, agus i bhfoirgneamh níos fóirsteanaí ná an suíomh úr a bhí aimsithe acu ag am déanta an iarratais.

Ní bheidh an suíomh úr seo ar fáil go dtí Eanáir 2013.

In áit bogadh chuig an chéad suíomh a bhí aimsithe acu agus bogadh arís i Mí Eanáir chuig an suíomh úr atáthar á thairiscint dóibh anois, is mian leo fanacht sa ionad a bhíodh acu go ceann 3 mhí ar bhonn sealadach le linn don ionad úr bheith á dhéanamh réidh.

Tá roinnt dearbhuithe á lorg ag Foras na Gaeilge i leith an tsuímh úir mar a leanas:

1. Fianaise go bhfuil cinnteacht ann go mbeidh an suíomh úr ar fáil faoi Eanáir 2013;
2. Fianaise go mbeidh na Seirbhísí Sóisialta sásta teastas a chur ar fáil don suíomh úr;
3. Dearbhú ó Chomhairle na Gaelscolaíochta go mbeidh féidearthacht ann maoiniú GCR a fháil don suíomh úr;
4. Dearbhuithe sínithe ó na tuismitheoirí go mbeidh siad sásta a bpáistí a bhogadh chuig an suíomh úr;
5. Fianaise go bhfuil cead pleanála le haghaidh naíonra sa suíomh úr;
6. Dearbhú ó na hiarratasóirí nach lorgóidh siad maoiniú ar Fhoras na Gaeilge don suíomh sealadach i ndiaidh 1.01.13.

## Leasú

I ndiaidh plé leis an eagraíocht dar dáta 29/08/2012 iarradh ar Fhoras na Gaeilge buiséad Náiscoil Cholmcille (mar a ceadaíodh é ar an 29/06/12) a leasú chun na hathruithe seo a leanas a chur san áireamh:

	<b>Údaraithe ag Cruinniú Boird 29/06/12</b>	<b>Próifíl Deontais Leasaithe</b>	Próifíl Buiséid in 2012	Próifíl Buiséid in 2013	Próifíl Buiséid in 2014
<b>Tuarastal</b>	<b>£34,000</b>	<b>£34,000</b>	£5,668	£17,000	£11,332
<b>Trealamh</b>	<b>£12,000</b>	<b>£12,000</b>	£6,000	£6,000	£0
<b>Costais reatha</b>	<b>£10,004</b>	<b>£8,336</b>	£0	£5,000	£3,336
<b>Cíos</b>	<b>£19,996</b>	<b>£16,664</b>	£0	£10,000	£6,664
<b>Iomlán</b>	<b>£76,000</b>	<b>£71,000</b>	£11,668	£38,000	£21,332

Na leasuithe atá ann sa bhuiséad ná ní bheidh costais reatha nó cíosa a iarraidh ag NS Cholmcille go dtí go mbeidh siad sa suíomh úr, níl siad ag iarraidh ach tuarastal agus trealamh.

Caithfidh NS Cholmcille fianaise a chur ar fáil go bhfuil cinnteacht ann go mbeidh an suíomh úr ar fáil faoi Eanáir 2013.

Seasann na coinníollacha deontais eile mar a ceadaíodh iad ag an chruinniú boird ar an 29 Meitheamh 2012.

Cheadaigh an Príomhfheidhmeannach an leasú seo ar an 10/09/12.

## **Miontuairiscí ón 109ú cruinniú Boird a tionóladh Dé hAoine 2 Samhain 2012 ag Oireachtas na Gaeilge, Leitir Ceanainn, Co. Dhún na nGall.**

**I láthair:** L. Ó Maolmhichíl (Cathaoirleach), E. Mac Cormaic (Leas-Chathaoirleach), T. Ruane, Á. Ní Chiaráin, S. Mac Donncha, M. Mac Ruairí, L. Kennedy, P. Callaghan, S. M. Ó Domhnaill, C. Ní Shúilleabháin agus É. Ó Gribín.

**Leithscéalta:** D. Ó hAiniféin, B. Ní Chonghóile, T. Sharkey, C. Cavanagh agus T. Mac Eochagáin.

**Ag freastal:** F. Mac an Fhailigh (Príomhfheidhmeannach), S. Ó Coinn (Leas-Phríomhfheidhmeannach), É. Ó hArgáin (Rúnaí), J. Ó Labhraí agus S. Uí Choinne.

**Leithscéalta:** M. Ó Ríordáin.

### **01.109 MIONTUAIRISCÍ AGUS NITHE AG ÉIRÍ ASTU**

Ghlac an Bord leis na miontuairiscí agus shínigh an Cathaoirleach iad. D'aontaigh an Bord ar cháipéisíocht le haghaidh cruinnithe Boird agus cruinnithe Coistí a chur ar fáil go leictreonach agus chuige sin aontaíodh iPad a chur ar fáil do na comhaltaí agus don ardbhainistíocht. Scaipeadh leathanach maidir le poibliú scéimeanna mar eolas don Bhord. Chuir an Príomhfheidhmeannach in iúl gur scríobh sé chuig an Roinn Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta maidir le [www.gaeilge.ie](http://www.gaeilge.ie) agus suíomh tairsí don Ghaeilge agus cuireadh in iúl gur chosúil go n-iarrfaí ar Fhoras na Gaeilge an suíomh tairsí a fhorbairt anois.

### **02.109 TUAIRISC Ó CHOISTÍ AN FHORAIS**

#### **Coiste na nDeontas**

<b>Ainm</b>	<b>Méid lorgtha</b>	<b>Méid molta</b>
Highrock Productions	€20,000	€20,000

Ghlac an Bord leis an mholadh deontas nach mó na €20,000 a chur ar fáil do Highrock Productions (€10,000 i 2012 agus €10,000 i 2013) don tionscadal Caith Amach é!

Tá faisnéis fágtha gan nochtadh anseo de bharr gur faisnéis dhíolmhaithe í faoin gCód Cleachtais maidir le Saoráil Faisnéise.

#### **Coiste an Fhoclóra**

Pléadh an Achoimre thréimhsiúil don Bhord. Cuireadh in iúl gur pléadh dréachtstraitéis maidir le todhchaí na foclóireachta agus go scaipfí ar an Bhord í feasta.

#### **Coiste Chlár na Leabhar Gaeilge**

Thug an Cathaoirleach uasdátú ar an staid reatha. Cuireadh in iúl go raibh ceist ardaithe maidir le cúrsaí cánach - cé acu a bhí cáin iníoctha ar dheontais ó Fhoras na Gaeilge chuig comhlachtaí foilsitheoireachta.



## Comhchoiste Cholmceille

Tá faisnéis fágtha gan nochtadh anseo de bharr gur faisnéis dhíolmhaithe í faoin gCód Cleachtais maidir le Saoráil Faisnéise.

Ghlac an Bord leis na moltaí maidir le hiarratais ar dheontais. (**Aguisín 1**)

Cuireadh in iúl go raibh difríochtaí sa chur chuige idir Éirinn agus Albain agus go mbeadh an cheist le plé arís.

### **03.109 RÁITEAS CAITEACHAIS GO DTÍ 30 MEÁN FÓMHAIR 2012 AGUS BUISÉAD ATHBHREITHNITHE GO 31 NOLLAIG 2012**

**Tháinig an Clár bhainisteoir: Airgeadas & TF i láthair an chruinnithe.** Scaipeadh na nótaí a ghabhann leis an ráiteas caiteachais agus bhí plé ina leith. Cuireadh in iúl go raibh 35% den bhuiséad le caitheamh roimh dheireadh na bliana.

Aontaíodh go ndéanfaí anailís ar thorthaí an tionscnaimh ‘Margaíocht Leabhar’ ach gur tionscadal é a mbeadh torthaí fadtéarmacha leis. Ghlac an Bord leis an ráiteas caiteachais agus leis an bhuiséad athbhreithnithe go 31 Nollaig 2012. Thug an Bord cead don Chathaoirleach, i gcomhar leis an Phríomhfheidhmeannach, athruithe a cheadú ar an bhuiséad athbhreithnithe san idirthréimhse go dtí an chéad chruinniú Boird eile. **D’fhág Clár bhainisteoir: Airgeadas & TF an cruinniú ag an phointe seo.**

### **04.109 NÓTA EOLAIS MAIDIR LE hIARRATAS AR DHEONTAIS**

Thug an Bord suntas don nóta eolais maidir le hiarratais ar dheontais.

### **05.109 OIFIG BHÉAL FEIRSTE**

Bhí plé ar aistriú oifige agus na roghanna éagsúla maidir le hoifig chomhroinnte agus aontaíodh go ndéanfaí an cheist a phlé arís.

### **06.109 TUAIRISC AN PHRÍOMHFHEIDHMEANNAIGH**

Scaipeadh cóip uasdátaithe de thuairisc an Phríomhfheidhmeannaigh agus chuir sé in iúl:

- Gur thosaigh oibrí stórais ag tús Dheireadh Fómhair.  
Gur fógraíodh na folúntais a leanas: Eagarthóir cúnta (GD), Oifigeach Seirbhísí (BÁC) agus AOF i Ráth Chairn (saoire mháithreachais).
- Go raibh Cuntais 2009 in oifig an Ard-Reachtair féin agus súil againn iad a shíniú ar 07 Samhain.

Tá faisnéis fágtha gan nochtadh anseo de bharr gur faisnéis dhíolmhaithe í faoin gCód Cleachtais maidir le Saoráil Faisnéise.

- Go raibh an grúpa oibre idir an Roinn, An Roinn Oideachais & Scileanna, Údarás na Gaeltachta, COGG agus Foras na Gaeilge faoin Straitéis 20 bliain bunaithe agus go mbeadh an chéad chruinniú ann ar 12 Samhain.

Tá faisnéis fágtha gan nochtadh anseo de bharr gur faisnéis dhíolmhaithe í faoin gCód Cleachtais maidir le Saoráil Faisnéise.

- Go bhfógrófaí buaiteoirí Leabhair na Bliana do dhuaischiste €22,000, duais Uí Shúilleabháin agus Réics Carlo, ar an 23 Samhain 2012, ar ócáid sa Sugar Club i mBÁC.

- Go raibh plé ar siúl faoi láthair le Gael Linn agus le Conradh na Gaeilge faoi bheith ag obair i gcomhar leo ar GLEO (Gaeilge Labhartha san Earnáil Oideachais). Beidh meamram comhthuisceana le haontú leo.

Tá faisnéis fágtha gan nochtadh anseo de bharr gur faisnéis dhíolmhaithe í faoin gCód Cleachtais maidir le Saoráil Faisnéise.

Cuireadh in iúl go raibh aighneacht le cur isteach chuig an RCEF faoin 27 Samhain maidir leis an Straitéis Dréachta le Forbairt na Gaeilge a Chosaint agus a Fheabhsú. Aontaíodh go scaipfí an aighneacht ar an Bhord agus go mbeadh trí lá ag comhaltaí moltaí a chur ar ais chuig an Phríomhfheidhmeannach ina leith. Nótáladh an tuairisc thréimhsiúil a chuir Fiontar ar fáil faoi focal.ie

#### **07.109 COMHFHREAGRAS**

Nótáladh an comhfhreagras a cuireadh faoi bhráid an Bhoird.

#### **08.109 AON GHNÓ EILE**

Ní raibh aon ní le plé faoin mhír seo.

#### **09.109 TUAIRISC ÓN CHOISTE FORBARTHA**

Tá faisnéis fágtha gan nochtadh anseo de bharr gur faisnéis dhíolmhaithe í faoin gCód Cleachtais maidir le Saoráil Faisnéise.

---

**Liam Ó Maolmhichíl**  
**Cathaoirleach**  
**14 Nollaig 2012**

**Aguisín 1**  
**Foras na Gaeilge**

**Cruinniú an Fhorais: 2 Samhain 2012**  
**Mír: 2 (4)**

Bhí cruinniú de Chomhchoiste Cholmcille ar 12 Deireadh Fómhair 2012. Pléadh na hiarratais a leanas agus mhol an Comhchoiste na cinnithe thíos:

**Éire – Thuaidh**

<b>Ainm</b>	<b>Méid lorgtha</b>	<b>Méid molta</b>	<b>2012</b>	<b>2013</b>
Coláiste Feirste	£800	£800	£0	£800
Cairde na Gaelscoile Éadan Mór	£1,164	£1,164	£1,164	£0
Aonach Mhacha	£2,400	£2,400	£2,400	£0
Glór Dhún Geimhin	£4,026.50	£4,026.50	£0	£4,026.50
Conradh na Gaeilge, Boirche Íochtar	£4,200	£4,200	£0	£4,200
Armagh Pipers Club	£4,270	£4,270	£0	£4,270
Cultúrlann Uí Chanainn	£800	£800	£800	£0
<b>Iomlán</b>	<b>£17,659.50</b>	<b>£17,659.50</b>	<b>£4,364</b>	<b>£13,295.50</b>

Tá faisnéis fágtha gan nochtadh anseo de bharr gur faisnéis dhíolmhaithe í faoin gCód Cleachtais maidir le Saoráil Faisnéise.

## Éire – Theas

Ainm	Méid Iorgtha	Méid molta	2012	2013
Na Macallaí	€4,500	€4,500	€0	€4,500
Feis na nGael	€12,500	€9,000	€0	€9,000
Cos Cos Sean Nós Festival	€5,030	€2,600	€0	€2,600
Comhdháil Náis. na Gaeilge	€11,000	€4,700	€0	€4,700
Ógras	€12,000	€6,000	€0	€6,000
Futa Fata	€5,510	€2,535	€0	€2,535
University College Dublin.	€690	€690	€0	€690
Féile Chomórtha Joe Éinniú	€2,500	€2,500	€0	€2,500
Oideas Gael	€3,500	€3,000	€0	€3,000
Pobal Scoil Ghaoth Dobhair	€11,800	€7,000	€0	€7,000
<b>Iomlán</b>	<b>€69,030</b>	<b>€42,525</b>	<b>€0</b>	<b>€42,525</b>

Tá faisnéis fágtha gan nochtadh anseo de bharr gur faisnéis dhíolmhaithe í faoin gCód Cleachtais maidir le Saoráil Faisnéise.

### **Moltaí eile**

#### **Coiscéim:**

Deontas €600 (2012) le haghaidh seoladh an leabhar *Fo Stiùir a Faire* i bpáirt le Comhairle nan Leabhraichean Gàidhlig.

#### **Slí Cholmcille**

£1,200 (2012) a cheadú le haghaidh táille do Maureen Mackin chun athbhreithniú a dhéanamh ar Shlí Cholmcille.

## **Miontuairiscí ón 110ú cruinniú Boird a tionóladh Dé hAoine 14 Nollaig i gceannáras Fhoras na Gaeilge, Baile Átha Cliath.**

**I láthair:** L. Ó Maolmhichíl (Cathaoirleach), E. Mac Cormaic (Leas-Chathaoirleach), T. Ruane, Á. Ní Chiaráin, D. Ó hAiniféin, M. Mac Ruairí, B. Ní Chonghóile, T. Sharkey, L. Kennedy, S. M. Ó Domhnaill, C. Ní Shúilleabháin agus É. Ó Gribín.

**Leithscéalta:** S. Mac Donncha, P. Callaghan, C. Cavanagh agus T. Mac Eochagáin.

**Ag freastal:** F. Mac an Fhailigh (Príomhfheidhmeannach), S. Ó Coinn (Leas-Phríomhfheidhmeannach), É. Ó hArgáin (Rúnaí), J. Ó Labhraí agus S. Uí Choinne.

**Leithscéalta:** M. Ó Ríordáin.

### **01.110 MIONTUAIRISCÍ AGUS NITHE AG ÉIRÍ ASTU**

Ghlac an Bord leis na miontuairiscí agus shínigh an Cathaoirleach iad. Cuireadh in iúl go raibh ainm iarratais ar mhaoiniú Cholmcille le leasú ó ‘Cultúrlann Uí Chanáin’ chuig ‘An Gaeláras Teo’. Cuireadh in iúl go raibh ainm eagrais le leasú ó ‘Gaelscoil Eadaoin Mhóir’ chuig ‘Cairde na Gaelscoile Náiscoil agus Gaelscoil Éadain Mhóir’ faoi Scéim na gCampaí Samhraidh. Thug an Príomhfheidhmeannach meastachán ar an chostas a bhain le hullmhú na gcáipéisí Boird agus chinn an Bord go mbeadh luach ar airgead i gceist leis an iPad. Cuireadh in iúl gur leagadh Tuarascáil agus Cuntais 2009 ar an 7 Nollaig 2012 i dTithe an Oireachtais agus i dTionól Thuaisceart Éireann.

### **02.110 TUAIRISCÍ Ó CHOISTÍ AN FHORAIS**

#### **Coiste na nDeontas**

<b>Ainm</b>	<b>Méid lorgtha</b>	<b>Méid molta</b>
Cultúrlann McAdam Ó Fiaich	£116,765	£114,765

Ghlac an Bord leis an mholadh deontas nach mó ná £114,765 a chur ar fáil do Chultúrlann McAdam Ó Fiaich mar mhaoiniú don bhliain 2013.

<b>Ainm</b>	<b>Méid lorgtha</b>	<b>Méid molta</b>
An Gaeláras	£182,827.87	£141,214

Ghlac an Bord leis an mholadh deontas nach mó ná £141,214 a chur ar fáil don Ghaeláras mar mhaoiniú don bhliain 2013.

Cuireadh in iúl go ndearna Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge cás arís faoi phost nár ceadaíodh dóibh agus d’aontaigh an Bord le moladh Choiste na nDeontas gan an post a cheadú.

Tá faisnéis fágtha ar lár anseo toisc gur faisnéis dhíolmhaithe í faoi Chuig 2, Míreanna 1 agus 6 den Chód Cleachtais maidir le Saoráil Faisnéise.

#### **Coiste Iniúchta**

Cuireadh in iúl nach raibh cruinniú ann an oíche roimh an Chruinniú Boird toisc easpa córaim ach go mbeadh cruinniú ann ar 16 Eanáir 2013. Scaipeadh cóip den chlár

rioscaí agus bhí plé ina leith. Aontaíodh gur chóir na 3 thacar cuntais a shonrú mar riosca. Aontaíodh go ndéanfaí uasdátú ar an chlár agus go bpléifí ag an Choiste i mí Eanáir é.

Ghlac an Bord leis an chlár rioscaí.

### **Coiste Osradhairc**

Leagadh Tuarascáil agus Cuntais 2009 faoi bhráid na dTithe ar 07 Nollaig agus de bhrí nárbh fhéidir leis na húdaráis plé le cuntais 2010 go dtí go raibh 2009 leagtha níorbh fhéidir tuarascáil agus cuntais 2010 a leagan roimh dheireadh na bliana. Léirigh na Ranna Urraíochta míshástacht faoi seo. Cuireadh in iúl go raibh an CATT den tuairim go gcaithfí cuntais 2010, 2011 agus 2012 bheith réidh faoi dheireadh 2013 agus aontaíodh go bhfuil an fhreagracht ar an dá Bhord an sprioc sin a bhaint amach.

Tá faisnéis fágtha ar lár anseo toisc gur faisnéis dhíolmhaithe í faoi Chuig 2, Míreanna 1 agus 6 den Chód Cleachtais maidir le Saoráil Faisnéise.

Aontaíodh gur chóir taifead a choinneáil maidir leis an staid ina bhfuil an obair ag gach céim le linn an phróisis sin ar fad. Luadh go mbíonn tuairisc choicísíúil á dhéanamh ag Foras na Gaeilge thar ceann an Fhoras Teanga faoi staid na hoibre ó bhí mí Iúil ann agus aontaíodh go bpléifí an cheist ag an chruinniú den Fhoras Teanga níos moille an lá sin. Thréaslaigh an Bord leis an Chlárbhainisteoir Airgeadais an éacht a bhí déanta aici maidir le hullmhú na gcuntas i mbliana.

Iarradh ar an fheidhmeannas iniúchadh a dhéanamh ar cheist sholáthar na dtrí thacar cuntas (2010, 2011, 2012) le linn 2013 agus plean a thabhairt ar ais chuig an Bhord i mí Eanáir 2013. Thairfead an Bord go gcuirfeadh siad cuidiú ar bith arbh fhéidir ar fáil le cuidiú leis an fheidhmeannas an sprioc dhúshlánach sin a bhaint amach.

Thug an Cathaoirleach cuntas iomlan ar an chruinniú a bhí aige féin agus ag Cathaoirleach Bhord na hUltaise leis an bheirt Airí ag ar pléadh feidhmíocht an Bhoird i dtaca le cuntais 2010, córas comhaontaithe maidir le measúnú ar fheidhmiú an bheirt Phríomhfheidhmeannach. Cuireadh in iúl go raibh córas i bhfeidhm ó thuaidh agus go mbainfí úsáid as an chóras sin feasta, gurb é an Cathaoirleach a chaithefeadh an obair seo a dhéanamh agus go dtabharfaí tuairisc don Bhord ina leith.

### **Coiste Nuachtán agus Irisí**

Pléadh conradh *Gaelscéal* agus cuireadh in iúl go raibh an feidhmeannas chun iniúchadh a dhéanamh ar an chonradh sin. Léirigh an Príomhfheidhmeannach mar Oifigeach Cuntasach buaireamh go raibh ceist ann i leith géilliúlachta don chonradh. Aontaíodh go gcuirfí in iúl do Thorann na dTonn gur pléadh ceist an chonartha ag an Bhord, gur léiríodh inní ina leith agus go bpléifí arís í ag an chruinniú Boird i mí Eanáir 2013. Beidh suirbhé le déanamh go luath sa bhliain úr ar mhianta phobal na Gaeilge i dtaca le seirbhísí nuacht clóite de.

### **Coiste an Fhoclóra**

Bhí plé ar an dréachtphean straitéiseach agus plean forfheidhmithe maidir le cúrsaí foclóireachta don Ghaeilge agus iarradh ar an Bhord moltaí ina leith a chur ar fáil faoin Nollaig, mar i ndúil go mbeidh an straitéis le faomhadh ar chruinniú Boird go luath i 2013. Bhí plé ar sheoladh an fhoclóra ar 24 Eanáir 2013 agus ghabh an Bord buíochas le foireann an fhoclóra as an obair thábhachtach a rinneadh go dáta.

### **03.110 RÁITEAS CAITEACHAIS GO DTÍ 31 DEIREADH FÓMHAIR 2012 AGUS BUISÉAD ATHBHREITHNITHE GO 31 NOLLAIG 2012**

Tháinig an Clár bhainisteoir: Airgeadas agus Teicneolaíocht na Faisnéise i láthair an chruinnithe, scaipeadh an ráiteas caiteachais agus bhí plé ina leith.

Ghlac an Bord leis an ráiteas caiteachais agus leis an bhuiséad athbhreithnithe go 31 Nollaig 2012. Thug an Bord cead don Chathaoirleach, i gcomhar leis an Phríomhfheidhmeannach, athruithe a cheadú ar an bhuiséad athbhreithnithe san idirthréimhse go dtí an chéad chruinniú Boird eile. Ghabh an Cathaoirleach buíochas leis an Chlár bhainisteoir as an éacht a bhí déanta aici le linn na bliana.

### **04.110 NÓTA EOLAIS MAIDR LE HIARRATAIS AR DHEONTAIS**

Thug an Bord suntas don nóta eolais maidir le hiarratais ar dheontais.

### **05.110 TUAIRISC AN PHRÍOMHFHEIDHMEANNAIGH**

Chuir an Príomhfheidhmeannach in iúl:

- Go raibh tairiscint déanta don phost mar AOF i gClár na Leabhar Gaeilge (saoire mháithreachais) agus don phost mar eagarthóir cúnta ach nár líonadh an post mar Oifigeach Seirbhísí. .
- Gur tháinig scéal ó na Ranna gurb é 6% an ciorrú a bheadh ar bhuiséad 2012:

Scenario 2: 6% sábháiltí 2012 – 15 Carnach ó 2010					
Buiséad CATT 2012		RCEF		REOG	
Euro	GBP	Eur	GBP	Eur	GBP
€3,251,103	£2,828,460	€2,438,328	£2,121,345	€12,776	£707,115
€17,546,839	£15,265,750	€4,386,710	£3,816,437	€13,160,129	£11,449,312
€20,797,942	£18,094,210	€6,825,037	£5,937,782	€13,972,905	£12,156,427

Ráta malartaithe €= £0.87

Colmille €175,000

Tá faisnéis fágtha ar lár sa mhír seo toisc gur faisnéis dhíolmhaithe í faoi Chuig 2, Míreanna 1, 6 agus 9 den Chód Cleachtais maidir le Saoráil Faisnéise.

- Séideán Sí – go raibh comhlacht ceaptha faoi chonradh le comhaid fuaimne agus téacs digitithe ceangailte leo a chur ar fáil do na leabhair do na naíonáin bheaga agus do na naíonáin mhóra. Cuirfear tús leis an tionscadal digitithe i 2013.

### **06.110 AN CHOMHAIRLE AIREACHTA THUAIHDH THEAS**

Tugadh uasdátú ar an chruinniú CATT ar 12 Nollaig 2012. Cuireadh in iúl nár faomhadh Plean Gnó 2012 ná an buiséad fós. Cuireadh in iúl nach raibh mórán plé ar chuíchóiriú na hearnála bunmhaoinithe ach go mbeadh sé le plé ag an chéad chruinniú eile i bhformáid rannach an Fhorais Teanga in earrach 2013.

### **07.110 COMHFHREAGRAS**

Ní raibh aon ní le plé faoin mhír seo.



### **08.110 DATAÍ LE hAGHAIDH CRUINNITHE BOIRD I 2013**

Ghlac an Bord leis na dátaí le haghaidh cruinnithe Boird i 2013 ach aontaíodh go leasófaí ionad an chruinnithe Boird 24 Bealtaine go Ráth Chairn agus go gcuirfí dáta breise ann don 26 Iúil i mBaile Átha Cliath. Aontaíodh go scaipfí an leagan leasaithe de sceideal na gcrúinnithe ar an Bhord mar eolas (**Aguisín 1**).

### **09.110 RÚN BOIRD**

Glacadh le rún a chuir M. Mac Ruairí faoi bhráid an Bhoird maidir le feachtas *Líofa 2015* a thabhairt chun cinn ó dheas. Iarradh ar an fheidhmeannas theacht ar ais le plean agus costais maidir le feidhmiú an rúin.

### **10.110 CUR I LÁTHAIR AR ÚSÁID AN IPAD**

Aontaíodh go gcuirfí an mhír seo siar go dtí an chéad chruinniú Boird eile.

---

**Liam Ó Maolmhichíl**  
**Cathaoirleach**  
**25 Eanáir 2013**

**Cruinnithe Boird 2013**

<b>Dé hAoine, 25 Eanáir</b>	<b>Baile Átha Cliath</b>
<b>Dé hAoine, 8 Márta</b>	<b>Béal Feirste</b>
<b>Dé hAoine, 26 Aibreán</b>	<b>Baile Átha Cliath</b>
<b>De hAoine, 24 Bealtaine</b>	<b>Ráth Chairn</b>
<b>Dé hAoine, 28 Meitheamh</b>	<b>Béal Feirste</b>
<b>Dé hAoine 26 Iúil</b>	<b>Baile Átha Cliath</b>
<b>Dé hAoine, 27 Meán Fómhair</b>	<b>Gaoth Dobhair</b>
<b>Dé hAoine, 1 Samhain</b>	<b>Cill Airne (Oireachtas na Gaeilge)</b>
<b>Dé hAoine, 13 Nollaig</b>	<b>Béal Feirste</b>